Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Boird Fhoras na Gaeilge don bhliain 2025**


| **Dáta** | **Leathanach** |
|---|---|
| 31 Eanáir | 02 |
| 24 Feabhra | 09 |
| 04 Aibreán | 12 |
| 23 Bealtaine | 18 |
| 11 Iúil | 26 |
| 05 Meán Fómhair | 35 |
| 19 Meán Fómhair | 44 |
| 31 Deireadh Fómhair | 47 |
| 28 Samhain | 54 |
| 12 Nollaig | 57 |

**Miontuairiscí ón 214ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 31ú Eanáir 2025 in Oifig Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach), M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín, L. Ní Riada. F. Nic Giolla Chatháin, G. Ní Chionnaith agus M. Ní Ghabháin.

**Ar líne:** I. Ó Dochartaigh

**Leithscéal:** K. Ó hEadhra

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus C. Ní Chonghaile.

**Leithscéal:** P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiurthóir Seirbhísí Oideachais)

## 1.0 Fáilte

Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ag an chéad chruinniú Boird den bhliain.

## 2.0 Gnó an Chathaoirligh

**Luaigh an Cathaoirleach na rudaí seo a leanas:**

- Ghlac sí buíochas le L. Ní Riada a bhí ainmnithe ag Foras na Gaeilge do thoghchán Sheanad Éireann.
- Ghlac sí buíochas leis na comhaltaí nua as a bheith sásta a bheith mar bhaill de na coistí.
- Comhghairdeas le Seán Keating agus a bhean ar rugadh mac dóibh le déanaí.
- Go mbeidh comhaltaí nua Boird le ceapadh ag cruinniú den CATT go luath.
- Meabhraíodh do gach comhalta Boird na foirmeacha dearbhuithe leasa a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chomh luath agus is féidir.
- Ghlac sí leithscéal faoin moill cáipéisíocht a chur ar fáil, agus d'iarr sí ar gach comhalta teagmháil a dhéanamh le T. Ní Dhuibh a bheidh ag glacadh le cúraimí S. Keating ar feadh tamaill.

## 2.1 Leasú sceideal na gcruinnithe Boird 2025

Moladh leasú a dhéanamh ar sceideal na gcruinnithe Boird do 2025; an dáta a bhí socruithe don 28ú Márta a athrú go dtí 4ú Aibreán agus ghlac an Bord leis.

## 3.0 MIONTUAIRISCÍ 13/12/24 & 17/12/2024

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 13ú Nollaig 2024 agus 17ú Nollaig.

Rinneadh mionleasú ar na miontuairiscí 13/12/24 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

## 4.0 Nithe ag eirí as na miontuairiscí

**Rinneadh trácht ar na nithe seo a leanas ag eirí as na miontuairiscí:**

- Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sí ag socrú dáta le haghaidh cruinniú le Dara Calleary, T.D. an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta chomh luath agus is féidir chun an ghéarchéim bhuiséid a phlé.
- Nach mbeadh an feachtas Creidim Ionat ag tarlú i mbliana mar gheall ar easpa airgid sa bhuiséad.

## 5.0 Baol Coimhlintí Leasa

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aici féin maidir le tionscadail Colmcille.

## 6.0. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo leanas:

- Bhí an Príomhfheidhmeannach i láthair ag cruinniú de cheannasaithe na bhForas Thuaidh Theas le Comhrúnaithe CATT – rinneadh plé ar shocruithe don 2 chruinniú earnála atá á bheartú do gach foras thuaidh theas le linn 2025; na cóimheasa maoinithe; deacrachtaí earcaíochta de bharr rátaí pá ó thuaidh; folúntais ar bhoird agus ionduchtú agus oiliúint do chomhaltaí úra; agus féidearthachtaí le cur le próifíl phoiblí na bhforas thuaidh theas.
- Bhuail an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le hionadaithe ón Roinn Bonneagair le ceist na gcomharthaí dátheangacha i Mórstáisiún Bhéal Feirste a phlé.

### Tionscadail Chomhpháirtíochta: Clár na Leabhar Gaeilge

Cuireadh nóta eolais faoi bhráid an chruinnithe maidir le tionscadail chomhpháirtíochta le Clár na Leabhar Gaeilge agus COGG agus Leabhair Pháistí Éireann.

- Tugadh suntas don nóta suas go €45,000 a chur ar fáil don tionscadal comhpháirtíochta le COGG le tacú leis na clubanna leabhar scoile.
- Tugadh suntas don nóta suas go €45,000 a chur ar fáil don tionscadal comhpháirtíochta le Leabhair Pháistí Éireann le heolas a roinnt le páirtithe leasmhara faoi réimse na leabhar Gaeilge atá ar fáil do dhaltaí scoile.

- Glacadh leis an moladh deontas breise €300,000 a cheadú don Cheanneagraíocht Gaeloideachas don bhliain 2025 le taighde a dhéanamh ar riachtanais tuismitheoirí agus áis (nó áiseanna) a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise an taighde.
- Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in iúl gurbh é Callender Buildings atá lonnaithe os comhair Halla na Cathrach an rogha atá á moladh maidir le hoifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste. Chuir sé cás gnó do chaiteachas ar léasanna don chóiríochta oifige faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith.
- Glacadh leis an moladh an cás gnó seo a cur ar aghaidh chuig na Ranna Coimircíochta.

**7.0. Dréacht-bhuiséad 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha dréacht-bhuiséad 2025 faoi bhráid an chruinnithe.

- Chuir sé in iúl go bhfuil bearna €817,945 sa bhuiséad do 2025.
- Cuireadh meamram le comhthéacs, próiseas ciorraithe agus na réimsí a bhí le laghdú nó le gearradh ina n-iomláine i mbuiséad 2025 faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé fada ar an mbuiséad. Míníodh go raibh gach iarracht déanta maoiniú a chosaint áit ar bith a raibh fostaíocht ag brath air, agus go raibh iarracht déanta grúpaí pobail a chosaint.
- Míníodh nach raibh cead ón Rialtas róchaiteachas a dhéanamh agus go mb'éigean na ciorruithe seo a mholadh lena chinntiú go mbeadh an CATT sásta an buiséad a fhaomhadh.
- Glacadh leis na moltaí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird agus faomhadh an buiséad do 2025.
- Beidh preasócáid le déanamh ag an gCathaoirleach agus preaseisiúint le seachadadh chuig na meáin tar éis an chruinnithe.

**8.0 Tuairisc ó choistí Fhoras na Gaeilge**

**8.1 An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den choiste ar an 21 Deireadh Fómhair.

- Pléadh cur chuige an Chathaoirligh maidir le roghnú coistí do na comhaltaí nuacheaptha.
- Pléadh tagairtí d'Fhoras na Gaeilge sna meáin. Tugadh nuashonrú don Choiste maidir le bronnadh theastais Shéala an Aistriúcháin.
- Chuir na Stiúrthóiri tuairiscí achoimre ar fheidhmíocht le linn 2024 i láthair an choiste.

Tugadh roinnt nuashonruithe don choiste ar na nithe seo a leanas:

a. An dul chun cinn leis an gcóras comhtháite iarratas – go bhfuil an tástáil le críochnú roimh dheireadh Eanáir;
b. Go bhfuil teastas faighte ón Ard-Reachtaire maidir le Cuntais 2022, go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil do 2022 á hullmhú, go bhfuil na ceisteanna deiridh á bhfreagairt don Ard-Reachtaire maidir le Cuntais 2023, agus go bhfuiltear ag súil le teastas go luath.
c. Go bhfuil géarchéim bhuiséid á tuar do 2025, go bhfuil bearna de níos mó ná €800,000 le líonadh bunaithe ar fhigiúirí 2024 agus go bhfuil scéala le cur chuig an Ard-Rúnaí agus chuig an Aire Sinsearach.

**8.2 Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

**8.3 Stiúrthóireacht Seirbhísí Forbartha**

**(i) Líonraí Gaeilge ó Thuaidh**

Moladh deontas £41,760 an ceann a cheadú don dá Líonra ó thuaidh ar mhaithe le cur i bhfeidhm an dara sé mhí de 2025 don Phlean Teanga aontaithe. Glacadh leis na moltaí seo leanas:

| ***Uimhir Thagartha*** | ***Iarratasóir*** | ***Deontas Molta*** |
|---|---|---|
| 2101069E | Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste) | £41,760 |
| 2001008E | Coiste Forbartha Charn Tóchair (Carn Tóchair) | £41,760 |

**(ii) Scéim Tionscadal Colmcille 2025**

Ag an bpointe seo d’fhág R. Uí Chollatáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa agus chuaigh D. Ó Brolcháin sa chathaoir.

**Coiste Forbartha Charn Tóchair**

Tá sé i gceist ag Coiste Forbartha Charn Tóchair grúpa Gaeilgeoirí 16+ a thabhairt ar turas go hAlbain le cur leis an gcleachtas atá bunaithe le 10+ anuas.

**Raidió Fáilte**

Tá foireann Raidió Fáilte ag beartú freastal ar ócáidí ar leith in Albain agus ar Oileán Mhanann in 2025 i gcuideachta na ndaoine agus na ngrúpaí sin a tháinig go Béal Feirste le bheith páirteach i gComhdháil na nGael 2024 i Staisiún Raidió Fáilte.

Glacadh leis na moltaí seo leanas:

| ***Ainm na hEagraíochta*** | ***Dáta Tosaigh*** | ***Dáta deiridh*** | ***Méid molta £*** |
|---|---|---|---|
| Cumann Forbartha Charn Tóchair | Iúil 2025 | Lúnasa 2025 | £9,800 |
| Raidió Fáilte | 01/02/2025 | 30/11/2025 | £10,300 |

D’fhill R. Uí Chollatáin ar an gcruinniú.

**(iii) Scéim na bhFéilte**

Cuireadh na moltaí seo leanas faoi bhráid an Bhoird le faomhadh mar go bhfuil na grúpaí seo ag fáil maoiniú trí scéimeanna eile, agus ghlac an Bord leo.

| ***Eagraíocht*** | ***Data Tosaithe an Tionscadail*** | ***Data deiridh an Tionscadail*** | ***Meid Molta €*** | ***Méid Molta £*** |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | 27/02/2025 | 01/03/2025 | | £3,500 |
| Glór na Móna | 01/05/2025 | 31/05/2025 | | £3,150 |
| Raidió Fáilte | 01/02/2025 | 31/05/2025 | | £1,728 |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | 01/03/2025 | 17/03/2025 | | £728 |
| Líonra Leitir Cheanainn | 10/05/2025 | 27/05/2025 | €3,250 | |
| Cill Dara le Gaeilge | 17/03/2025 | 17/03/2025 | €2,730 | |
| Ionad Uibh Eachach | 01/03/2025 | 30/03/2025 | | £1,255 |
| Comhluadar Luimnigh | 31/03/2025 | 06/04/2025 | €3,250 | |
| Muineacháin le Gaeilge | 02/05/2025 | 04/05/2025 | €3,250 | |
| Carn Tóchair | 09/05/2025 | 10/05/2025 | | £2,275 |
| Gael Fhorbairt na Gaillimhe | 14/05/2025 | 18/05/2025 | €3,250 | |
| Cultúrlann Uí Chanainn | 01/03/2025 | 17/03/2025 | | £1,935 |
| Glór Cheatharlach | 22/04/2025 | 26/04/2025 | €600 | |
| Turas | 06/06/2025 | 13/06/2025 | | £1,750 |

**8.4 Stiúrthóireacht Seirbhísí Foilsitheoireacht, Foclóireachta agus Téarmaíochta**

**(i) Scéim na Mórfhéile Litríochta**

Clár na Leabhar Gaeilge

1. Scéim na Mórfhéile Litríochta (2025-2027)

Ghlac an Bord leis an moladh deontas €100,000 in aghaidh na bliana don tréimhse 1 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2027 a bhronnadh ar IMRAM.

**9.0 Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 31ú Nollaig 2024 faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Ceangaltais 31.12.2024 i láthair agus glacadh leo.

## 10.0 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

## 11.0 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo**.**

Beidh an chéad chruinniú Boird eile ar an 4ú Aibreán 2025.



_________________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**4 Aibreán 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 04/04/25 | 16/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Regina Uí Chollatáin | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Ian Ó Dochartaigh | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Freda Nic Giolla Chatháin | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Liadh Ní Riada | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Mairéad Ní Ghabháin | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Gemma Ní Chionnaith | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Maighréad Ní Chonghaile | ✓ | | | | | | | 1/7 |
| Kevin Ó hEadhra | X | | | | | | | 0/7 |

**Miontuairiscí ón 215ú cruinniú Boird a tionóladh Luan 24ú Feabhra 2025 ar Zúm**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), D. Ó Brolcháin (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín, L. Ní Riada. F. Nic Giolla Chatháin, G. Ní Chionnaith, M. Ní Ghabháin. I. Ó Dochartaigh agus K. Ó hEadhra.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus C. Ní Chonghaile.

**1.0 Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ag an gCruinniú Boird eisceachtúil seo. Ghlac sí buíochas leis an bhfeidhmeannas as an obair ar fad atá á déanamh acu chun réiteach a fháil ar an ngéarchéim reatha maidir le buiséad Fhoras na Gaeilge.

**2.0 Baol Coimhlintí Leasa**

Dheimhnigh an Cathaoirleach nach raibh aon bhaol coimhlint leasa ag an gcruinniú.

**3.0 Gnó an Chathaoirligh**

- Thug an Cathaoirleach tuairisc ar chruinniú a bhí aici féin, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, agus an Stiurthóir Seirbhísí Forbartha leis an Aire Dara Calleary TD, Aodhán Mac Cormaic – Rúnaí Cúnta, An Ghaeilge & an Ghaeltacht, agus Aodán Mac an Mhíle – Príomhoifigeach, Comhoibriú Thuaidh Theas ar an 12 Feabhra 2025.

- Chuir an tAire in iúl go raibh sé ag fiosrú na bhféidearthachtaí maidir leis an ngéarchéim reatha mhaoinithe agus go raibh muinín aige go bhféadfaí teacht ar réiteach chun socruithe níos fadtéarmaí a fháil. Chuir an tAire in iúl chomh maith gur mhaith leis cruinniú eile a shocrú nuair a bheidh réiteach faighte ar an ngéarchéim reatha le tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge a phlé i gcomhthéacs Cháinaisnéis 2026.

Pléadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ón gcruinniú agus na cáipéisí a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Rinneadh tagairt do na nithe seo leanas:

- Deiseanna a d'fhéadfaí a thapú ach an Rialtas infheistíocht réasúnta a dhéanamh ar Fhoras na Gaeilge;
- Féidearthachtaí gearrthéarmacha a d'fhéadfaí a shocrú go luath;
- Na moltaí solúbthachta maidir leis na cóimheasa maoinithe; agus
- Na himpleachtaí a bhain leis na ciorruithe.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuil dóchas aici go bhfaighfear réiteach ar an ngéarchéim go luath agus go gcoinneodh sí an Bord ar an eolas maidir le haon uasdátú faoin mbuiséad. Gabhadh buíochas leis an bhFeidhmeannas as a gcuid oibre maidir leis an gceist ag iarraidh na droch-thorthaí a mhaolú a oiread agus ab fhéidir.

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**04 Aibreán 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 16/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Regina Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Ian Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Freda Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Liadh Ní Riada | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Mairéad Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Gemma Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Maighréad Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | | | | | | | 2/8 |
| Kevin Ó hEadhra | X | ✓ | | | | | | | 1/8 |

**Miontuairiscí ón 216ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 04 Aibreán 2025 ag Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Áras Mhic Reachtain, 283-289 Bóthar Aontroma, Béal Feirste, BT15 2GZ agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, G. Ní Chionnaith, I. Ó Dochartaigh, K. Ó hEadhra.

**Ar líne:** L. Ní Riada agus M. Ní Ghabháin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus S. Keating.

**Leithscéal:** D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha).

## 1. Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

## 2. Gnó an Chathaoirligh

Iarradh go gcuirfí na cáipéisí beo in am toisc go gcuirtear le hobair na gComhaltaí má bhíonn moill orthu.

## 3. Miontuairiscí 31 Eanáir agus 24 Feabhra 2025

### 31 Eanáir 2025

- Moladh níos mó sonraí a chur sna miontuairiscí ón 31 Eanáir faoin bplé a bhí ann maidir leis na ciorruithe a bhí á gcur i bhfeidhm de bharr na géarchéime buiséid.
- Moladh figiúr amháin ar leathanach 5 a cheartú ó €100,00 go €100,000.
- Moladh ainm amháin a cheartú ar an liosta tinrimh.

Faomhadh na miontuairiscí go sealadach agus aontaíodh go mbeadh deis ag comhaltaí moltaí maidir leis an bhfoclaíocht a bhaineann leis an bplé ar chúrsaí buiséid a chur ar aghaidh.

### 24 Feabhra 2025

- Moladh níos mó de chomhthéacs a chur sna miontuairiscí faoin phlé a bhí ann faoi na moltaí solúbthachta maidir leis na cóimheasa maoinithe.

## 4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí

Fiosraíodh an bhféadfaí preasráitis a chur faoi bhráid an Bhoird sula gcuirfear amach iad.

## 5. Baol Coimhlintí Leasa

Cláraíodh na baoil choimhlinte leasa seo a leanas:

- G. Ní Chionnaith leis an mionfheachtas leabhar faoi thuairisc na hardbhainistíochta agus Lorg Media
- R. Uí Chollatáin le Lorg Media

## 6. Tuairisc na hardbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Dúradh go raibh an dara cruinniú ann den Fhóram Forbartha Teanga agus gur cruinniú maith a bhí ann.
    - Míníodh go mbeidh Cathaoirleach an Fhóraim Forbartha Teanga ag cur a thuairisce i láthair Choiste Forbartha Fhoras na Gaeilge.

**Aontaíodh gurbh fhearr an plé faoi bhuiséad 2025 a bhí le déanamh níos déanaí sa chlár a dhéanamh faoi thuairisc na hardbhainistíochta.**

- Luaigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuiltear ag fanacht le scéal oifigiúil tar éis an chéad chruinnithe eile den CATT.
- Míníodh go bhfuiltear ag súil le híocaíocht aon-uaire siarghabhálach sé bliana maidir le maoiniú pinsin ón Rialtas ó dheas.
    - Dúradh, bunaithe ar mhaoiniú breise a bheith ar fáil, go bhféadfaí an mhórchuid de na ciorruithe a chur ar ceal tar éis an chruinnithe den CATT.
    - Míníodh gur socrú aon bhliana é seo nach réitíonn deacrachtaí maoinithe go fadtéarmach.
- Dúradh go bhfuil socrú nua de dhíth ar Fhoras na Gaeilge i dtaca le cúrsaí pinsin de.
- Dúradh go bhfuil Plean Gnó Fhoras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise le faomhadh ag an CATT freisin agus go mbeidh an Plean Gnó a rachfar ar aghaidh leis ag brath go mór ar chúrsaí buiséid.
- Dúradh go bhfuil cruinniú geallta leis an Aire Calleary, agus go mbeidh an t-iarratas a ndéanfar ann bunaithe ar an Treo Straitéiseach agus ar fhigiúirí maidir le rudaí is féidir a mhaoiniú gan faomhadh uile-oileáin; Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge a chur faoin chlár Phleanáil Teanga, mar shampla.

Leasú Miontuairiscí

Ceadaíodh leasú ar mhiontuairiscí Chruinniú Boird an 05 Meitheamh 2020 inar athraíodh tagairt maidir le húdarú conradh maoinithe 5 bliana do Tuairisc.ie, NÓS agus Comhar ó "*01 Iúil 2020 - 30 Meitheamh 2025*" go "*01 Eanáir 2021 - 31 Nollaig 2025"* de bharr go raibh idirphlé idir na deontaithe a d'athraigh an dáta tosaithe ag an am. Míníodh go bhfuil an soláthar cuí údaraithe i mbuiséad 2025.

Ainmniúchán ar Bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta

Cuireadh Comhaltaí Boird ar an eolas go mbeidh ainmniúchán do Bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta le déanamh roimh Mhí an Mheithimh agus iarradh ar dhaoine a gcuid moltaí a chur ar aghaidh.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág C. Mac Giolla Mhín**

Nóta eolais – Áisaonad

- Cuireadh nóta eolais ar an Áisaonad i láthair an Bhoird. Luadh go mbeidh moladh le cur faoi bhráid an Bhoird maidir le maoiniú Choláiste Ollscoile Naomh Muire don Áisaonad i mí Iúil.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill C. Mac Giolla Mhín**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág F. Nic Giolla Chatháin**

Coiste Téarmaíochta – ballraíocht

- Ceadaíodh síneadh ar bhallraíocht an Choiste Téarmaíochta go dtí 31 Nollaig 2025.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill F. Nic Giolla Chatháin**

Mionfheachtas Threoirleabhar Léitheoireachta 2025

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág G. Ní Chionnaith agus R. Uí Chollatáin de bharr baol coimhlint leasa. Ghlac F. Nic Giolla Chatháin ról an Chathaoirligh.**

- Míníodh gur iarradh obair bhreise ar Lorg Media nach raibh san áireamh sa chonradh atá ag Foras na Gaeilge leo, agus gur údaraigh an Príomhfheidhmeannach íocaíocht ar a son sin mar chinneadh práinneach (Mír 3. 1 Cinntí Práinneacha den Scéim Tharmligin). Iarradh ar an mBord an íocaíocht sin a fhaomhadh go siarghabhálach.

- Faomhadh maoiniú €4,999.31 a íoc le Lorg Media, taobh amuigh den chonradh atá againn leo, le haghaidh mhionfheachtas Threoirleabhar Léitheoireachta 2025 a bheidh le híoc as buiséad imfhálaithe Chlár na Leabhar Gaeilge.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill G. Ní Chionnaith agus R. Uí Chollatáin**

Léas Oifige Bhéal Feirste

Faomhadh an léas nua le haghaidh oifig nua Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste agus ceadaíodh úsáid a bhaint as an séala leis an léas a dhaingniú.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág K. Ó hEadhra**

**7. Plean Gnó 2025 – leasaithe**

Chuir an Príomhfheidhmeannach leagan leasaithe de Phlean Gnó 2025 Fhoras na Gaeilge i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil Plean Gnó faofa ag an mBord cheana ach go bhfuil cúpla athrú curtha i bhfeidhm ó shin de bharr moltaí ag eascairt as an ngéarchéim bhuiséid.
- Go bhfuil an leagan nua le faomhadh ag an mBord le go mbeidh an CATT in ann é a fhaomhadh ag an gcéad chruinniú eile.
- Iarradh go ndéanfaí faomhadh coinníollach ar an leagan bunaidh, mura gceadófaí an maoiniú don Phlean Gnó leasaithe ag an CATT.

Faomhadh an dá leagan de Phlean Gnó 2025.

**8. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a. An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Nár aimsíodh fadhb ar bith leis an gcóras comhtháite iarratas ag an tástáil deiridh ar na scéimeanna bliantúla.
- Go ndearnadh forbhreathnú ar théarmaí léasa oifig nua Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste.

**b. Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Faomhadh €89,359 de dheontais ó 1 Eanáir 2025 go 31 Bealtaine 2025 trí Scéim na bhFéilte Glaoch a hAon.

- Faomhadh trí dheontas trí Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2025 mar seo a leanas:
  - Deontas £6,800 a chur ar fáil do Gaelphobal Ard Mhacha.
  - Deontas £6,800 a chur ar fáil do Coiste Forbartha Charn Tochair.
  - Deontas €5,100 a chur ar fáil do Gaelfhorbairt na Gaillimhe.
- Faomhadh deontas £12,000 do Scoil Samhraidh Mhic Reachtain trí Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon.

**c. An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Tugadh suntas don Ráiteas maidir le Rialachán Inmheánach Airgeadais 2024.
- Tugadh suntas do Dhréacht-Chuntais 2024. Beidh an leagan deiridh a bheidh ceadaithe ag Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó dheas, le faomhadh ag an mBord in am trátha.
- Faomhadh Clár Rioscaí Márta 2025.
- Faomhadh an Polasaí Calaoise.

**d. An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Faomhadh an dréacht ardleibhéil de Phlean Corparáideach 2026-2028 Fhoras na Gaeilge.
- Luadh gur léirigh tuairisc ó Creative Strategic Solutions go bhfuil céatadán an-ard daoine dearfach i leith an Chur Chuige Comhpháirtíochta.
- Míníodh gurb éadócha go mbeadh an maoiniú ann anois le tabhairt faoi na chéad chéimeanna eile den Luacháil le comhlacht seachtrach, agus moladh cur chuige nua ina mbeadh meascán d'ionchur ann ó chomhlacht seachtrach agus ón bhfoireann a bhíonn ag plé leis na Ceanneagraíochtaí. Glacadh leis an moladh sin.
- Glacadh leis an moladh go mbeadh cead níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí leasuithe a dhéanamh ar a gcomhdhéanamh foirne.

**e. An Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Gur sheas an cruinniú seo mar uasdátú ar chúrsaí go ginearálta.
- Go raibh na ciorruithe buiséid mar chuid lárnach den phlé.
- Go bhfuiltear ag fanacht le deimhniú maidir leis an mballraíocht ar an gcoiste.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill K. Ó hEadhra**

**9. Ráiteas Caiteachas go Feabhra 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go Feabhra 2025 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an leagan seo bunaithe ar an mbuiséad le ciorruithe curtha i bhfeidhm.
- Go mbeidh leagan nua le déanamh tar éis an chéad chruinnithe eile den CATT.
- Go bhfuil ceist mhaoiniú na bpinsean fós ann.
- Nótáladh díscríobh 2024.

**10. Buiséad 2025 – Nuashonrú**

Aontaíodh gur pléadh an t-ábhar seo faoi thuairisc na hardbhainistíochta.

**11. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann

**12. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann



______________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**14 Iúil 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 16/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Regina Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Ian Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| D Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | | | | | |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Mairéad Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Gemma Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Maighréad Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| Kevin Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | | | | | |

**Miontuairiscí ón 217ú cruinniú Boird a tionóladh Aoine 23ú Bealtaine 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 H275.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. Mac Giolla Mhín, D. Mac Cárthaigh, F. Nic Giolla Chatháin, G. Ní Chionnaith, K. Ó hEadhra, L. Rushe (ó 12:00), M. Ní Ghabháin, N. Ní Chiaráin agus R. Nic Fealóin.

**Ar líne:** M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), I. Ó Dochartaigh, L. Ní Riada (ó 11:15), agus W. Majekodunmi.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiurthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus S. Keating.

**Leithscéalta:** D. Ó Brolcháin, E. Mac Cormaic agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha.

**01. Fáilte**
Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair. Cuireadh fáilte faoi leith roimh chomhaltaí nua-cheaptha, agus ghabh an Cathaoirleach comhghairdeas le M. Ní Chonghaile as a ceapachán mar Leas-Chathaoirleach. Tugadh deis do na Comhaltaí iad féin a chur in aithne do na Comhaltaí nua.

**02. Cur i láthair**
Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig an fhoireann teicneolaíochta isteach sa chruinniú le labhairt faoi chúrsaí teicneolaíochta.

**03. Ceisteanna ar chúrsaí teicneolaíochta**
Freagraíodh aon cheisteanna teicneolaíochta a bhí ag Comhaltaí Boird. Meabhraíodh do na Comhaltaí a thábhachtaí a bhí sé cloí go docht leis an bpolasaí teicneolaíochta.

**04. Oiliúint ar dhualgais comhaltaí ar Bhoird Stáit**
Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig an sainchomhairleoir seachtrach D. Ó Braonáin isteach le seisiún oiliúna ar na príomhphrionsabail dea-chleachtais rialachais a bhaineann le bheith i do chomhalta Boird ar bhord stáit a chur i láthair Comhaltaí.

Rinne sé tagairt do na nithe seo a leanas:

- Na 3 mhór-ról ag Comhaltaí - Cumhacht, Cinnteoireacht agus Cuntasacht;
- An Meamram Airgeadais;

- Na cúraimí ar Chomhaltaí - Straitéis; Rioscaí; Luacháil; Iniúchóireacht; agus Breithmheas; agus
- Baoil Choimhlintí Leasa.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág W. Majekodunmi.**

**05. Gnó an Chathaoirligh**

- Míníodh gur athraíodh sceideal chruinnithe Boird 2025 don chruinniú seo amháin. Gabhadh leithscéal leis an mBord toisc gur faoin mBord atá sé dátaí a athrú de réir na mbuanorduithe. Dhearbhaigh an Bord go raibh siad sásta le sceideal na gcruinnithe don chuid eile de 2025.
- Luadh go mbeidh breithmheas á dhéanamh ar fheidhmíocht na gCoistí agus athbhreithniú ar bhallraíocht na gCoistí Boird go luath.
- Fuarthas dearbhú ón mBord go bhfuil siad sásta le ballraíocht shealadach na gCoistí mar atá siad go dtí go mbeidh an breithmheas agus an t-athbhreithniú déanta.
- Iarradh go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí go raibh an leasú sa sceideal agus na hathruithe sealadacha ar bhallraíocht na gCoistí Boird as réir leis na buanorduithe. Ghabh an Príomhfheidhmeannach a leithscéal as an dearmad nár pléadh leis an gceist de réir na mbuanorduithe.
- Rinneadh comhbhrón le D. Ó Brolcháin ar chailleadh a mhná chéile Mary.

**06. Miontuairiscí 04 Aibreán 2025**
Glacadh leis na miontuairiscí ón 04 Aibreán 2025.

**07. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Luaigh an Príomhfheidhmeannach go mbeidh an t-ainmniúchán ar Bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta le déanamh go luath agus iarradh ar dhaoine aon mholtaí a bhí acu a chur ar aghaidh.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig L. Rushe isteach.**

Luaigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil aontú i gcomhair léasa faighte d'oifig nua Bhéal Feirste agus go mbeidh an léas á shíniú go luath. Míníodh go bhfuiltear ag súil go mbeifear ag bogadh isteach san oifig nua taobh istigh de roinnt seachtainí.

**08. Baol Coimhlintí Leasa**
Cláraíodh go raibh baol coimhlint leasa ag an Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh 2025 faoi Choiste na nDeontas.

**09. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh cruinniú ag an bPríomhfheidhmeannach le rúnaí stáit Thuaisceart Éireann le heolas a roinnt faoi obair Fhoras na Gaeilge agus faoi nithe éagsúla a bhain leis an nGaeilge ó thuaidh.
- Luadh go raibh cruinniú ann leis an Roinn Oideachais ó dheas, agus gur léiríodh an bhuairt atá ann maidir leis an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.
- Tarraingíodh aird an Bhoird ar an mír seo a leanas sa chomhráiteas a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe den CATT i mí Aibreáin:
    - *Luaigh an Chomhairle gur cuireadh tús le cainteanna idir an Foras agus na Ranna Urraíochta maidir leis an gcéad tréimhse Pleanála Corparáidí eile, 2026-2028, lena n-áireofar athbhreithniú comhoibríoch ar raon cúrsaí rialachais agus nósanna imeachta laistigh de na gníomhaireachtaí.*
- Míníodh gur athbhreithniú cuimsitheach a bheadh i gceist le 5 phríomhmhír; Bord, rialachas, airgeadas, bonneagar agus comhpháirtíocht le Gníomhaireacht na hUltaise. Dúradh go mbeidh cruinniú monatóireachta ann ina mbeidh an cheist á plé.

**10. Tuairiscí ó Choistí an Bhoird**

**a. Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

Míníodh go raibh ceartú le déanamh ar na suimeanna a ceadaíodh ag an gCruinniú Boird i mí Aibreáin do Scéim na bhFeilte, Glaoch 1 2025.

i) Faomhadh na suimeanna ceartaithe thíosluaite do Scéim na bhFeilte, Glaoch 1 2025:

| Eagraíocht | Méid údaraithe 18/01/25 | Méid Ceartaithe £ |
|---|---|---|
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | £728 (€846) | £846 |
| Cultúrlann Ui Chanainn | £1,935 (€2250) | £2250 |

ii) Cuireadh nóta eolais ar Scéim na Litríochta (2025) faoi bhráid an Bhoird.

Iarradh eolas breise a chur ar fáil maidir leis an moladh maoiniú suas go €50,000 a chur ar fáil do Choiscéim do 2025, eolas maidir leis na critéir mheasúnaithe atá in úsáid agus dearbhuithe maidir le rialachas corparáideach an chomhlachta.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhág P. Deeds de bharr baol coimhlint leasa.**

iii) Scéim na gCampaí Samhraidh 2025

- Míníodh go raibh leasú déanta ar an leagan a cuireadh faoi bhráid Choiste na nDeontas de bharr go raibh eolas i leith iarratais amháin nach raibh san áireamh sa cháipéis a tháinig faoina mbráid, agus a bhí sna cáipéisí Boird. Míníodh go raibh an leagan leasaithe den mholadh á chur faoi bhráid an Bhoird. Tuairiscíodh go mbeadh 79 campa le deontas a fháil i mbliana.
- Iarradh go bhfiosraíodh an coibhneas idir rátaí maoinithe ó thuaidh agus ó dheas.
- Faomhadh na méideanna thíosluaite trí Scéim na gCampaí Samhraidh 2025:

| Eagraíocht | €Molta | £STG Molta |
|---|---|---|
| Glór na Móna | | £1,750.00 |
| Glór Uachtar Tíre | | £1,750.00 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £1,750.00 |
| Glór na Speiríní | | £1,750.00 |
| An Cumann Gaelach Muineacháin | €2,500.00 | |
| Ionad Uibh Eachach | | £1,750.00 |
| Pobal ar an Iúl | | £1,750.00 |
| Aonach Mhacha | | £1,750.00 |
| An Droichead | | £1,750.00 |
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | | £1,750.00 |
| An Gaeláras | | £1,750.00 |
| Glór Dhún Geimhin | | £1,750.00 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | | £1,750.00 |
| Cairde Uí Néill | | £1,750.00 |
| Gaeilge Locha Riach (1) | €2,500.00 | |
| Cill Dara le Gaeilge | €2,480.00 | |
| Lionra Leitir Ceanainn | €2,500.00 | |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | | £1,750.00 |
| Togra Mhaigh Eo | €1,585.00 | |
| Cumann Gaelach Leath Chathail | | £1,750.00 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhill P. Deeds.**

**b. Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Faomhadh cárta creidmheasa d’Áis.
- Faomhadh clár rioscaí Bhealtaine 2025.
- Faomhadh an Polasaí Sceithireachta.

Iarradh go mbeadh na tagairtí don leagan Gaeilge den reachtaíocht ábhartha sna polasaithe éagsúla feasta.

**c. Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste. Cuireadh ar a súile don Bhord go mbeadh Mír 4 de thuairisc Chathaoirleach an Choiste le leasú.

- Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais (SSO) tuairisc ó bhéal ar chás an Áisaonaid don Bhord. Luadh na nithe seo a leanas:
  - Go bhfuil Coláiste Ollscoile Naomh Muire a rá go gcoinneoidh siad an tionscadal faoina stiúir más féidir easnamh de €50k sa bhuiséad a chlúdach le costais tuarastail a chlúdach.
  - Go mbeidh an SSO ag bualadh go luath le Rúnaí Buan na Roinne Oideachais ó thuaidh, a bhfuil dualgas reachtúil orthu tacú leis an nGaeloideachas.
  - Go n-iarrfar ar an Roinn Oideachais an t-airgead breise (£50,000 sa bhliain) a chur ar fáil leis an tseirbhís a shábháil.
  - Mura n-aontaíonn siad seo a dhéanamh beidh ar Fhoras na Gaeilge amharc ar na féidearthachtaí eile a luadh roimhe maidir leis na seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach éigin eile.

Faomhadh na méideanna thíosluaite le haghaidh Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta:

| Réimse | Maoiniú | Sprioclíon Scoláireachtaí | Luach na scoláireachtaí |
|---|---|---|---|
| Scoláirí faoi 18 | €66,500 | 265 | €200-€400 |
| Daoine fásta | €14,000 | 45 | €200-€400 |

Iarradh go bhfiosrófaí méid na scoláireachtaí – an raibh go leor ann le tacú le daoine faoi mhíbhuntáiste.

**Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhág D. Mac Cárthaigh.**

**11. Nóta eolais ar thosaíochtaí buiséid 2025 & 2026**

Chuir an Príomhfheidhmeannach nóta eolais ar thosaíochtaí buiséid 2025 & 2026 i láthair an Bhoird. Bhí plé ar an nóta eolais agus luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an tuiscint ann nach féidir leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta airgead breise a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge tríd an CATT agus go mbeidh plé ann maidir leis na bealaí eile le hairgead breise a thabhairt.
- Go mbeidh plé ann maidir le forbairt na Gaeilge ar bhonn níos leithne ná Foras na Gaeilge amháin freisin, go háirithe cur chun cinn na Gaeilge sa phobal.
- Go bhfuil Clár an Rialtais agus tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge nasctha d'aon ghnó.

    - Go mbaineann pleananna sa cháipéis eolais 'Gaeilge i ngach áit' leis na 26 chontae ó dheas le go mbeifí in ann líne dhíreach a tharraingt idir an plean sin agus an Clár Rialtais ach go bhfóirfeadh cur chuige uile-oileáin do chuid mhaith de na moltaí.
- Míníodh go bhfuil cás gnó curtha faoi bhráid na Ranna maidir le foireann bhreise i réimsí na seirbhísí corparáideacha.
    - Míníodh go bhfuil poist ar conradh ann don fhoclóir agus don phleanáil teanga ba mhaith linn a dhéanamh buan.

**12. Ráiteas Caiteachais go 30 Aibreán 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Aibreán 2025 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil ¾ de na ciorruithe a cuireadh i bhfeidhm ag tús na bliana aisiompaithe anois.
- Go bhfuil c€190,000 de bhearna maoinithe ann go fóill, go bhfuil ceist chostais na bpinsean atá ag teacht as ollbhuiséad le réiteach fós.
- Go bhfuil caiteachas 2025 ar sprioc.
- Go bhfuil díolachán Áis ag dul ar aghaidh mar a bheifí ag súil leis.
- Nach bhfuil ceist chostas reatha pinsin Fhoras na Gaeilge réitithe go fóill ar bhonn fadtéarmach.

**Cuntais 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha dréacht deiridh de Chuntais 2023 Fhoras na Gaeilge i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Gur mionleasuithe amháin a rinneadh ar an dréacht a tháinig faoi bhráid an Bhoird roimhe lena cinntiú go mbeadh figiúirí 2023 ag teacht leis na mionleasuithe a rinneadh ar Chuntais 2022 agus go mbeadh leanúnachas ann idir an dá thacar cuntas.
- Go bhfuil an tArd-Reachtaire Cuntais agus Ciste sásta teastas a chur ar fáil.
- Go mbeidh cruinniú den Fhoras Teanga lena shocrú go luath leis na cuntais chomhdhlúite a fhaomhadh.
- Faomhadh Cuntais 2023 Fhoras na Gaeilge.

**13. Comhfhreagras**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág an Cathaoirleach agus ghlac an Leaschathaoirleach ról an Chathaoirligh.**

- Luadh go bhfuair duine de na Comhaltaí rphost chuig a sheoladh oifigiúil rphoist maidir le maoiniú faoi scéim maoinithe na meán. Iarradh go bhfiosrófaí arbh fhéidir cosc a chur ar theagmháil trí rphoist ó sheoltaí seachtracha.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill an Cathaoirleach.**

**14. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**15. An chéad chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 11 Iúil 2025 i mBaile Átha Cliath.



______________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**2 Deireadh Fómhair 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | X | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| K. Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | | | | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | X | | | | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | | | | |
| W. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | | | | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | | | | |

**Miontuairiscí ón 218ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Iúil 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, D01 H275 agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, K. Ó hEadhra. L. Rushe, N. Ní Chiaráin, D. Mac Cárthaigh, O. Majekodunmi, M. Ní Ghabháin, E. Mac Cormaic, Gemma Ní Chionnaith.

**Ar líne:** M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), L. Ní Riada, R. Nic Fealóin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) agus S. Keating (Rúnaí an Chruinnithe).

**Leithscéal:** D. Ó Brolcháin, F. Nic Giolla Chatháin.

**Bhí seisiún gan feidhmeannas ann roimh an gcruinniú.**

## 1. Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair. Cuireadh fáilte faoi leith roimh E. Mac Cormaic chuig a chéad chruinniú Boird ó ceapadh mar chomhalta Boird é.

## 2. Gnó an Chathaoirligh

Rinne an Cathaoirleach trácht ar na nithe seo a leanas:

- Go bhfuil freastal ar chruinnithe ar an láthair tábhachtach nuair is féidir agus míníodh sceideal na gcruinnithe do 2025.
- Tábhacht dearbhuithe leasa a choinneáil suas chun dáta.
- Go bhfuil athbhreithniú ar bhallraíocht na gCoistí Boird le tarlú go luath.
- Go bhfuil breithmheas ar fheidhmíocht na gCoistí Boird déanta anois.
- Bealaí le cumarsáid a dhéanamh leis an mBord, agus an bhféadfaí teacht ar bhealach le go mbeadh teacht ag comhaltaí ar rphoist ar a ngléasanna pearsanta.

## 3. Miontuairiscí

Faomhadh na miontuairiscí ó chruinniú Boird 23 Bealtaine 2025.

## 4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Tá ainmniúchán ann anois do Bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta.
- Ceaptar go mbeifear ag bogadh go dtí an oifig nua i mBéal Feirste faoi lár Lúnasa 2025.
- Tá teastas faighte do chuntais 2023 an Fhorais Teanga agus tá obair ar siúl ar Thuarascáil Bhliantúil 2023 anois.
- Iarradh go gcuirfí teimpléad de fhreagra chuig Comhaltaí a chuideodh leo míniú a thabhairt ar na deacrachtaí maoinithe.

## 5. Baol Coimhlintí Leasa

Cláraíodh na baoil coimhlintí leasa seo a leanas:

- R. Nic Fealóin le 'Líonraí Gaeilge ó Thuaidh', 'Scéim na bhFéilte - Glaoch a Dó agus 'Scéim na nImeachtaí Óige 2025-2026'.
- An Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le 'Scéim na bhFéilte', 'Scéim na nImeachtaí Óige' agus 'Tionscadal Tacaíochta Oireachtas na Gaeilge'.
- E. Mac Cormaic – Coiscéim.
- An Cathaoirleach le plé a bhaineann leis na meáin.

## 6. Tuairisc na hardbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha go raibh cruinniú aige le Rúnaí Cúnta na Gaeilge agus le hoifigigh eile de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta agus gur pléadh maoiniú do na healaíona teanga-bhunaithe agus cúrsaí aistriúcháin a aistriú amach as buiséad Fhoras na Gaeilge.
- Dúirt an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais gur fhreastail sé ar Fhóram Náisiúnta Oideachais i mBaile Átha Luain leis an bPlean Gnímh don Ghaeilge i scoileanna Béarla a phlé.
    - Luadh go bhfuil aonad nua bunaithe sa Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) agus go mbeidh plean á fhoilsiú go luath a mhairfidh 2 bhliain.
    - Luadh go bhfuil géarghá le hearnáil an aistriúcháin a fhorbairt in Éirinn le daoine a chur i dtreo bheith ag obair sa státseirbhís.
    - Luadh go bhfuil géarghá le hoiliúint don earnáil réamhscolaíochta agus le haghaidh a thabhairt ar cheist an phá ísil san earnáil sin.

    - Fiosraíodh an mbeadh caighdeán na Gaeilge sna scoileanna ina chuid lárnach den phlean, agus dearbhaíodh go mbeadh.
- Rinne an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais cur síos ar chruinnithe leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) leis an ROÓ maidir le plean do sholáthar Gaeilge san fhoghlaim agus cúram luath-óige, agus le polasaí don oideachas lán-Ghaeilge (faoi seach) a thabhairt chun críche.
- Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go raibh sé ag an gcéad chruinniú de Choiste Comhairleach na Gaeilge sa Réimse Digiteach.
- Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in iúl don Bhord go bhfuil Foras na Gaeilge ainmnithe do dhá ghradam eGov; an gradam oideachais do Creidim Ionat agus an gradam margaíochta do loveleabhargaeilge.
- Iarradh go bhfiosrófaí na deiseanna le maoiniú a fháil trí Síocháin+.
- Iarradh tuairisc stádais maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais ó thuaidh.
- Cuireadh ceist maidir leis an ionad léirmhínithe i mBéal Feirste agus dúradh go bhfuil tairiscintí iarrtha anois le sprioc an 16 Iúil, go mbeadh painéal á chur le chéile don phróiseas tairisceana, agus go bhfuil tréimhse 6 mhí leis an obair toisc go gcaithfidh an t-airgead a bheith caite faoi dheireadh 2025.

**7. Tuairiscí ó Choistí an Bhoird**
**(a) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste.

**(b) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste. Luadh na rudaí seo a leanas:

(i) Uasdátú ar cheist mhaoinithe an Áisaonaid. Míníodh nach raibh réiteach faighte ar an gceist fós, agus go raibh an fhéidearthacht ann nach n-iarrfadh Coláiste Ollscoile Naomh Muire maoiniú do 2026. Tugadh cead don Fheidhmeannas próiseas tairisceana a chur ar bun le teacht ar sholáthróir úr do 2026, sa chás nach dtiocfaí ar réiteach faoi thús Mheán Fómhair.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhág P. Deeds de bharr baol coimhlint leasa.**

(ii) Faomhadh ‘Tionscadal Tacaíochta Oireachtas na Gaeilge’: maoiniú aon uaire le caitheamh ar ghníomhaíochtaí dírithe ar na healaíona teanga-bhunaithe le linn Oireachtas na Gaeilge 2025 i mBéal Feirste.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhill P. Deeds.**

(iii) Faomhadh an dréacht is déanaí de Phlean Corparáideach 2026-28.

**(c) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste. Luadh na rudaí seo a leanas:

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág E. Mac Cormaic de bharr baol coimhlint leasa.**

(i) Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta nuashonrú ar an bplé atá fós ar siúl le Coiscéim maidir leis an athstruchtúrú ar an gcomhlacht agus dhearbhaigh sí go mbeidh aird ar chúrsaí rialachais nuair a thiocfadh iarratas ar mhaoiniú uathu.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig E. Mac Cormaic agus P. Deeds ar ais sa chruinniú agus d'fhág R. Nic Fealóin de bharr baol coimhlint leasa.**

(ii) Líonraí Gaeilge ó Thuaidh

Faomhadh na suimeanna seo a leanas faoi Líonraí Gaeilge ó thuaidh:

| *Iarratasóir* | *Deontas Molta* |
|---|---|
| Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste) | **£82,560 (€96,000)** |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair (Carn Tóchair) | **£82,560 (€96,000)** |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág P. Deeds agus d'fhág W. Majekodunmi de bharr baol coimhlintí leasa.**

(iii) Scéim na bhFéilte - Glaoch a Dó

Faomhadh na suimeanna seo a leanas faoi Scéim na bhFéilte - Glaoch a Dó:

| **Eagraíocht** | **Ainm na Féile** | **Suim atá molta €** | **Suim atá molta £** |
|---|---|---|---|
| Glór na Móna | Féile na Carraige 25 | | £2,100.00 |
| Raidió Fáilte | Féile Lúnasa/Féile Shamhna | | £1,050.00 |
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | Fleadh Feirste | | £2,100.00 |
| Muintir Chrónáin | FÉILE SEÓ BEO - 2025 | €2,750 | |
| Gaeilge Locha Riach | Féile Raifteirí | €1,458 | |
| Glór Ceatharlach | Féile an Fhómhair '25 | €1,100 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gaeil Ruairí Óg agus Gaeil na nGlinntí | Éigse na nGlinntí | | £1,182.50 |
| Comhluadar Luimnigh | Féile Samhna Luimnigh | €2,750 | |
| Cultúrlann Uí Chanáin | Oíche Shamhna Dhoire 2025 | | £1,265.00 |
| Lionra Litir Ceanainn | Líonra Leitir Ceanainn | €2,750 | |
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | Liú Lúnasa 2025 | | £935.00 |
| An Clár as Gaeilge | Samhain Púca Storytelling Festival | €1,100 | |
| Glór na Spéiríní | Féile Bhaile na Scríne | | £1,750.00 |
| Glór Uachtar Tíre | Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill | | £2,150.00 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | Féile Charn Tóchair | | £2,150.00 |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | Sean-nós Ard Mhacha Theas | | £1,400.00 |
| Pobal ar a'n Iúl, an Ómaigh | Pobal ar a'n Iúl - Ceiliúradh Deich mBliana | | £2,150.00 |
| Ionad Uíbh Eachach | Fómhar na Folláine | | £2,135.00 |
| **Ón liosta feithimh** | | | |
| An Droichead | Féile na hAbhann | | £1,720.00 |

(iv) Tionscadal Tacaíochta Oireachtas na Gaeilge

Faomhadh na suimeanna seo a leanas faoi Thionscadal Tacaíochta Oireachtas na Gaeilge:

| Ainm an Deontaí | Suim |
|---|---|
| Ionad Uíbh Eachach | £5,000 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | £5,000 |
| An Droichead | £5,000 |
| Ionad na Fuiseoige | £5,000 |
| Croí Éanna | £5,000 |
| Glór na Móna | £5,000 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill P. Deeds, W. Majekodunmi agus R. Nic Fealóin agus d'imigh S. Ó hEidhin de bharr baol coimhlint leasa.**

(v) Leabhair Pháistí Éireann 2025-2026

Faomhadh deontas €90,000 (€50,000 as buiséad 2025 agus deontas €40,000 as buiséad 2026, CBL san áireamh) san iomlán do Leabhair Pháistí Éireann chun treoirleabhar léitheoireachta

Love Leabhar Gaeilge 2026 a chur amach agus chun clinicí leabhar agus feachtas scoileanna a reáchtáil le linn 2025 agus 2026.

(vi) Scéim na nImeachtaí Óige 2025-2026

Cuireadh ceist an bhféadfaí liostaí iomlána deontaithe a chur ar fáil do chomhaltaí nuair a bheadh cinntí déanta i leith scéimeanna.

Faomhadh na suimeanna seo a leanas faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2025-2026:

| Ainm an Eagrais | Méid molta € 2025 | Méid molta € 2026 | Méid molta £ 2025 | Méid molta £ 2026 |
|---|---|---|---|---|
| Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Dún Lathaí | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cumann Óige Uí Dhochartaigh | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cumann Óige Uachtar Chluanaí | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cultúrlann Uí Chanáin | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór Mhachaire Fíolta | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór na Maoile | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór Uachtar Tíre | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór Uachtar Tíre 2 | | | £ - | £ - |
| Iarscoil Uí Neill | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Greencastle Youth Club | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Gaeil Ruairí Óg agus Gaeil na nGlinntí | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Ionad Uíbh Eachach | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| SN Baile Mór | € 2,175.00 | € 2,175.00 | | |
| Comhluadar Luimnigh | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | | | £ 1,465.00 | £ 1,465.00 |
| Cumann Iarscoil na gCrann | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór na Móna | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór na Speiríní | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Ógras na hÓmaí | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Líonra Leitir Ceanainn | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| CLUB ÓG-ÓGRAS NA BÁNÓIGE & UÍ RÍORDÁIN | € 2,000.00 | € 2,000.00 | | |
| BHAILE AN BHUINNEANAIGH & BHAILE UÍ THAIDHG | € 1,650.00 | € 1,650.00 | | |
| CLUB ÓG-ÓGRAS BAHILE AN MHUILINN & THRÁ LÍ | € 1,650.00 | € 1,650.00 | | |
| Gaelscoil Mhic Amhlaigh & Óg Ógras GETNS | € 2,435.00 | € 2,435.00 | | |
| Nás na Ríogh & Óg-Ógras | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Club Óg Ógras Chuan na Gaillimhe | € 2,480.00 | € 2,480.00 | | |
| Óg-Ógras Naomh Brendán & Óg Ógras Bhealach an Doirín | € 2,480.00 | € 2,480.00 | | |
| Óg-Ógras Léim an Bhradáin | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Óg-Ógras Dún dealgan & Óg Ógras an Cabháin | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Club na nÓg Tír Mochain & Ceatharlach | € 2,397.50 | € 2,397.50 | | |
| Óg Ógras Thamhlacht | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Cumann Gaelach Leath Chathail | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Spraoi agus Spórt | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Club Óige an Dúin | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Muineachán Le Gaeilge | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Naíscoil na Caille | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Voice Ireland – Picker Pals | € 2,343.00 | € 2,343.00 | | |
| Club Óige Setanta | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Club Spraoi | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cumann Óige na bhFál | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| DERRYLIN O’CONNELLS GAC | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Club Óige Feachtas Baile Brigín | € 1,829.00 | € 1,829.00 | | |
| Club Óige Feachtas Baile Lotráil | € 2,090.00 | € 2,090.00 | | |
| Club Óige Feachtas Baile Munna | € 2,190.00 | € 2,190.00 | | |
| Club Óige Feachtas Tamhlacht | € 2,090.00 | € 2,090.00 | | |
| Fóram na nÓg | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Scoil na Fuiseoige | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Smidiríní Theatre Company | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Bardic Education Arts and Media (BEAM) | | | £ 1,745.00 | £ 1,745.00 |
| Galway Bay Sailing Club | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| An Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Aonach Mhacha | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Club Óige Luraigh | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Coláiste Naomh Ciarán | | | £ 1,309.00 | £ 1,309.00 |
| Learn le Grá Junior School | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| Naíscoil Bheanna Boirche | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Young at Art | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Glór Dhún Geimhin | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Naíscoil an Traonaigh | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| An Cabhán | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |
| An Muileann gCearr | € 2,392.50 | € 2,392.50 | | |
| An Uaimh | € 2,392.50 | € 2,392.50 | | |
| Áth Luain | € 2,257.50 | € 2,257.50 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Baile Brigín | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |
| Béal Easa | € 2,152.50 | € 2,152.50 | | |
| Caisleán Cnucha | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |
| Ráth Maoinis | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |
| Ros Camáin | € 2,257.50 | € 2,257.50 | | |
| Uarán Mór | € 2,400.00 | € 2,400.00 | | |
| An Droichead | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| An Droichead 2 | | | £ - | £ - |
| Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich | | | £ 1,750.00 | £ 1,750.00 |
| Cumann Óige Átha an Rí | € 2,165.00 | € 2,165.00 | | |
| Gaelscoil Riada | € 2,500.00 | € 2,500.00 | | |
| West Offaly Training CLG | € 2,460.00 | € 2,460.00 | | |
| Cill Dara le Gaeilge | € - | € - | | |
| Na Gaeil Óga CLG | € - | € - | | |
| Glór na Gaelscoile (Gaelscoil Phroinsias Naofa) | | | £ - | £ - |
| Laochra Loch Lao CLG | | | £ - | £ - |
| Club Cispheile Bearna | € - | € - | | |
| Cumann na hEalaíona | | | £ - | £ - |
| POBAL AN CHAISTIL | | | £ - | £ - |
| Campa Gaeilge Chorcaí | € - | € - | | |
| Gaeil Inis Ceithleann | | | £ - | £ - |
| Gaelcholáiste Dhún Dealgan | € - | € - | | |
| Naíscoil Mhachaire Rátha | | | £ - | £ - |
| | | | | |
| | **Iomlán € 2025** | **Iomlán € 2026** | **Iomlán £ 2025** | **Iomlán £ 2026** |
| | €83,287.00 | €83,287.00 | £71,019.00 | £71,019.00 |
| | | | (€82,580.23) | (€82,580.23) |

(vii) Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2026

Faomhadh deontas €40,000 do Chonradh na Gaeilge agus deontas €40,500 (€26,500 don réimse faoi 18 agus €14,000 do dhaoine fásta) do Ghael Linn trí Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág M. Ní Chonghaile agus tháinig G. Ní Chionnaith isteach.**

**8. Ráiteas Caiteachais go 30 Meitheamh 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an ráiteas caiteachais go Meitheamh 2025 i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil caiteachas 2025 ar sprioc.

- Go bhfuil Áis ag dul go maith.
- Go bhfuil bearna €192,000 fós le druidim i mbuiséad 2025, agus go mbeidh teagmháil á déanamh leis an Roinn ó dheas maidir léi.
- Go mbeidh an dúshlán céanna buiséid ann in Eanáir 2026 agus a bhí ann in 2025 mura bhfaightear réiteach éigin – is é sin go mbeidh ciorruithe €800k ar a laghad le déanamh i dtús 2026.

Phléigh an Bord an cheist. Cuireadh béim sa phlé ar ról an Bhoird chun tionchar a imirt ar an Aire, agus an gá lena chinntiú go mbeadh an pobal á choinneáil ar an eolas, go háirithe sa chás go mbeadh ciorruithe le cur i bhfeidhm.

Thug an Príomhfheidhmeannach cuntas ar an bplé a rinneadh leis na Ranna Coimircíochta agus ar na féidearthachtaí éagsúla a raibh na Ranna ag meabhrú orthu. Mhínigh sé go mbeadh gá le dhá rud le go mbeifí in inmhe cur go mór le buiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge: (i) méadú mór ar allúntas na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG) sna meastacháin cháinaisnéise, agus (ii) comhaontú idir an dá roinn faoin gcur chuige leis an maoiniú sin a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge. Mhínigh sé go mbeadh eolas ann faoi ardú ar allúntas RFTPG don Fhoras Teanga faoi dheireadh Mheán Fómhair, agus eolas maidir le cur chuige an dá roinn ag an gcruinniú den CATT i mí na Nollag.

**9. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**10. Aon ghnó eile**

Ardaíodh ceist maidir leis an riosca do chlú Fhoras na Gaeilge ag éirí as trácht ar na meáin shóisialta faoin iris Comhar. Aithníodh an riosca freisin do Chomhaltaí a ndearnadh clibeáil orthu i bpóstálacha. Aithníodh go raibh sé tábhachtach go mbeadh Foras na Gaeilge ag cur tacaíocht ar fáil do Comhar freisin.

**11. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 5 Meán Fómhair 2025 i mBéal Feirste.



______________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**26 Samhain 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | | | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | | | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | | | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | | | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | | | |
| W. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | | | |

**Miontuairiscí ón 219ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 05 Meán Fómhair 2025 in Raidió Fáilte, 30 Sráid Dhubhaise, Béal Feirste, BT 12 4A agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), C. Mac Giolla Mhín, G. Ní Chionnaith, K. Ó hEadhra. L. Rushe, G. Nic Cionnaith. D. Ó Brolcháin, , R. Nic Fealóin

**Ar líne:** M. Ni Ghabháin, F. Nic Giolla Chatháin, L. Ní Riada, O. Majekodunmi, N. Ní Chiaráin, agus C. Ní Chonghaile (Rúnaí an Chruinnithe).

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta), agus B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha)

**Leithscéal:** D. Mac Cárthaigh, I. Ó Dochartaigh agus E. Mac Cormaic.

**1. Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**2. Gnó an Chathaoirligh**

- Dúradh go mbeidh Cruinniú Boird speisialta ar an 19ú Meán Fómhair chun an Plean Gnó agus Plean Corparáideach a fhaomhadh chun dul ar aghaidh chuig CATT.
- Luadh go mbeidh comhchruinniú den Fhoras Teanga ag an Oireachtas.
- Dúradh go mbeadh an Cathaoirleach ag scríobh chuig Cathaoirligh nuacheaptha na gcoistí Boird.

**3. Miontuairiscí**

Tugadh faoi deara gur dréacht neamhchríochnaithe de na miontuairiscí ó chruinniú Boird 11ú Iúil 2025 a bhí faoi bhráid an Bhoird, agus aontaíodh go mbeadh leagan deiridh le faomhadh ag an gcruinniú Boird speisialta ar an 19ú Meán Fómhair 2025.

**4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Beidh na nithe ag éirí as na miontuairiscí ón gcruinniú Boird an11ú Iúil 2025 á bplé ag an gcruinniú Boird 19ú Meán Fómhair 2025.

**5. Baol Coimhlintí Leasa**

Cláraíodh na coimhlintí seo a leanas:

D. Ó Brolcháin, R. Nic Fealóin. agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le cáipéisí faoi Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge.

**6. Tuairisc na hardbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hardbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Luadh na rudaí seo a leanas:

- Bhuail an Leas-Phríomhfheidhmeannach le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste le dréacht-pholasaí Gaeilge na Comhairle a phlé.
- Bhuail an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le hionadaithe sinsearacha de chuid na Roinne Pobail maidir le tionscadal Colmcille.
- Bhí an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha i láthair thar ceann Fhoras na Gaeilge ag seoladh Sheachtain Ghaeilge Fhleá Cheoil na hÉireann i Loch Garman. Rinne sí ionadaíocht ar raon imeachtaí le linn na fleá.
- Bhuail an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha le hionadaithe de chuid S3 Solutions maidir lena dtairiscint don Staidéar Féideartha don ionad léirmhíniúcháin i mBéal Feirste.
- Bhí sárthaispeántas ag Áis sa trádstóras i nDún Seachlainn, an chéad sárthaispeántas faoina gcuid seirbhísí dáileacháin agus corparáideacha. Bhí údair, foilsitheoirí, ionadaithe ó eagraíochtaí foilsitheoireachta agus ionadaithe ó shiopaí leabhar i láthair ar an oíche.
- Bhuail cuid d'fhoireann Ghaoth Dobhair le grúpa ateangairí ón gCoimisiún Eorpach sa Bhruiséil agus iad ar cuairt i nGaoth Dobhair agus rinneadh cur i láthair faoinár gcuid oibre, le béim ar leith ar chúrsaí foclóireachta agus cúrsaí pleanála teanga.
- Bhuail an Príomhfheidhmeannach agus baill den fhoireann shinsearach le hionadaithe sinsearacha de chuid na Roinne Pobail maidir le forbairt na straitéise don Ghaeilge ó thuaidh.
- Bhí an Príomhfheidhmeannach i láthair ag caint a thug Linda Irvine thar ceann Bhunscoil na Seolta. Cumann Thír Eoghain Átha Cliath a d'eagraigh an ócáid.
- Bhuail an Príomhfheidhmeannach agus baill eile den fhoireann shinsearach le toscaireacht de chuid an Choiste um Mhionlaigh Náisiúnta agus Eitneacha i bParlaimint na Polainne a bhí ar cuairt in Éirinn.
- Bhí an Príomhfheidhmeannach ina chathaoirleach ar chruinniú ráithiúil Choiste Príomhfheidhmeannach Pinsin na bhForas Thuaidh Theas. Bhí an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i láthair ag an gcruinniú.
- Tá ullmhúchán ar siúl i láthair na huaire do sheoladh an fhoclóra aonteangaigh. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil nuair a bheidh na socruithe in áit.

- Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta uasdátú ar chúrsaí rialachais Coiscéim. Aontaíodh go bpléifí le hiarratas nuashonraithe ar mhaoiniú eatramhach ó Choiscéim roimh dheireadh 2025.

**7. Cur i láthair ón Dr. Caoimhín Ó Dónaill ó Ollscoil Uladh don Bhord ar an tionscadal SÍOCHÁIN+**

Rinne an Dr. Caoimhín Ó Dónaill ó Ollscoil Uladh cur i láthair don Bhord ar an tionscadal SÍOCHÁIN+ agus bhí plé ina leith.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág W. Majekodunmi.

**8. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú a bhi ar an 26ú Lúnasa 2025.

Pléadh moltaí an Chathaoirligh do na Coistí Boird agus glacadh leo.

D'ainmnigh an Cathaoirleach na Cathaoirligh na gCoistí Boird.

**Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú Lúnasa 2025. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Glacadh leis an moladh go dtabharfar cead siarghabhálach faoin scéim tarmligin S3 Solutions a cheapadh chun tabhairt faoin obair ar staidéar féidearthachta d'ionad léirmhíniúcháin Gaeilge i mBéal Feirste.
- Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach pleanáil níos fearr a dhéanamh dá mb'fhéidir é, le nach mbeadh gá leas a bhaint as an socrú sa Scéim Tharmligin maidir le cinntí práinneacha.
- Tugadh suntas do nóta eolais a cuireadh faoi bhráid an Bhoird maidir le nuashonrú ar fhorbairtí san oideachas ó thuaidh.
- Tuairiscíodh gur chuir Cathaoirleach an Fhóraim Forbartha Teanga a chéad tuairisc i láthair an Choiste Forbartha.
- Glacadh leis an moladh go nglacfaí leis na leaganacha athbhreithnithe de ráitis físe agus mhisin Fhoras na Gaeilge do thréimhse an Phlean Chorparáidigh 2026-2028:

  **Ráiteas físe**: An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann.

  **Ráiteas misin**: Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol.

**Coiste na nDeontas**

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D Ó Brolcháin, R. Nic Fealóin. agus. An Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachaismar gheall ar bhaol coimhlint leasa.*

**i) Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge**

Glacadh leis an moladh síneadh ama a cheadú don bhabhta reatha de Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge don tréimhse ón 01 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 leis an gciste deontais **€360,051** a údarú don 16 dheontaí reatha de réir na méideanna thíosluaite:

| Uimh Thag: | Ainm an Eagrais | Contae | *€* | *Stg£* |
|---|---|---|---|---|
| **2201020.02C** | Gael Fhorbairt na Gaillimhe | Gaillimh | €25,000 | |
| **2201020.07C** | Aonach Mhacha | Ard Mhacha | | £21,500 |
| **2201020.12C** | An Droichead | Aontroim | | £21,500 |
| **2201020.10C** | Glór na Móna | Aontroim | | £21,500 |
| **2201020.06C** | Coiste Forbartha Charn Tóchair | Doire | | £21,500 |
| **2201020.05C** | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | Aontroim | | £21,500 |
| **2201020.08C** | Muintir Chrónáin Teo. | Baile Átha Cliath | €25,000 | |
| **2201020.03C** | Conrad na Gaeilge An tAonach - CnaG | Tiobraid Árann | €25,000 | |
| **2201020.11C** | Ionad Uíbh Eachach | Aontroim | | £20,000 |
| **2201020.04C** | Craobh an Iúir - CnaG | An Dún | | £21,500 |
| **2201020.09C** | Scoil na Fuiseoige | Aontroim | | £20,000 |
| **2201020.01C** | Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar | An Dún | | £16,800 |
| **2201020.13C** | Glór Dhún Geimhin | Doire | | £16,800 |
| **2201020.14C** | Glor Léim an Mhadaigh | Doire | | £16,800 |
| **2201020.15C** | Cumann Cluain Árd | Aontroim | | £16,800 |
| **2201020.16C** | Craobh Inse Chór -Conradh na Gaeilge | Baile Átha Cliath | €10,400 | |
| | | | | |
| | | | **€85,400** | **£ 236,200** |
| | | | Mór Iomlán | **€ 360,051** |

*Ag an bpointe seo, d'fhill D Ó Brolcháin agus P.Deeds ar an gcruinniú.*

**ii) Iomain Cholmcille**

Glacadh leis an moladh deontas £13,000 (£6,500 in 2025 agus £6,500 in 2026) a chéadú do Iomain Cholmcille chun le tacú le pleanáil agus reáchtáil an chomórtais i mBaile Átha Cliath in 2025 agus in Inbhir Nis in 2026.

*Ag an bpointe seo, d'fhill R. Nic Fealóin.*

**iii) Clár na Leabhar Gaeilge**
Glacadh leis an moladh go gcuirfidh Clár na Leabhar Gaeilge €10,000 ar fáil don tSnáthaid Mhór in 2025 le tús a chur leis an obair ar thionscadal Lá Domhanda na Leabhar, agus maoiniú €10,000 i mí an Mhárta 2026 agus an tionscadal curtha i gcrích go héifeachtach acu, i.e. €20,000 san iomlán.

Cuirfear tuairisc iomlán ar fáil maidir leis an méid a baineadh amach le linn an fheachtais.

**An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú Lúnasa 2025 agus bhí plé ina leith. Luadh na nithe seo a leanas:

**i) An Chairt Seirbhíse**
Glacadh leis an gCairt – moladh dáta athbhreithnithe a chur leis an cháipéis.

**ii) Polasaithe Coimhlint Leasa an Bhoird agus na Foirne**
Glacadh leis na leasuithe ar an dá pholasaí a bhain leis an tréimhse a mhaireann baol coimhlint leasa i gcás comhaltaí agus baill foirne, agus a bhí bunaithe ar pholasaithe in eagraíochtaí stáit eile.

**iii) Clár Riosca**
Tugadh suntas don leagan is déanaí den Chlár Riosca.

**9. Ráiteas Caiteachais go 30 Meitheamh 2025**
Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an ráiteas caiteachais go Iúil 2025 i láthair an Bhoird.

Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil caiteachas 2025 ar sprioc.
- Go bhfuil bearna €200k go fóill sa bhuiséad do 2025 agus go mbeifear ag brath ar an athdháileadh agus plé leis an Roinn ó dheas leis seo a líonadh. Beidh sonraí maidir leis an gcéad athdháileadh le linn 2025 ag teacht chuig an mBord de réir mar a thiocfaidh sin chun cinn.
- Tá ioncam ÁIS go 31/07/25 ar sprioc i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus tréimhse thábhachtach an tsamhraidh fós le críochnú amach.
- Tá amhras anois maidir le tacaíocht bhreise aon-uaire ón Roinn ó dheas a chlúdóidh an chuid is mó den chostas a bhaineann le harduithe turastail do 2025.
- Go bhfuil costais phinsin ardaithe go leanúnach le blianta beaga anuas. Tá os cionn 35 pinsinéir ag Foras na Gaeilge anois agus 60 fostaithe. Tá ardú níos mó ná €500k tagtha ar chostais reatha phinsin ó bhí 2009 ann.

**10. Comhfhreagras**
Ní raibh aon chomhfhreagras ann

**11. Breithmheas ar fheidhmíocht an Bhoird**

D'fhág na baill den fheidhmeannas an cruinniú agus bhí plé ann ar fheidhmíocht an Bhoird a chuirfidh an Cathaoirleach san áireamh ina breithmheas ar fheidhmíocht an Bhoird.

**12. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**13. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do chomhaltaí go mbeidh cruinniú speisialta den Bhord ar siúl ar an 19$^{ú}$ Meán Fómhair chun an Plean Gnó agus an Plean Corparáideach a fhaomhadh agus an chéad chruinniú Boird eile ina dhiaidh sin ar an 31$^{ú}$ Deireadh Fómhair 2025 (Oireachtas na Gaeilge).



**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**17 Nollaig 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | x | | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | x | | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| W. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | | |

**Miontuairiscí ón 218ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 19 Meán Fómhair 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, D01 H275 agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), C. Mac Giolla Mhín, L. Ní Riada, R. Nic Fealóin, G. Ní Chionnaith, L. Rushe, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, F. Nic Giolla Chatháin agus E. Mac Cormaic.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha) agus S. Keating (Rúnaí an Chruinnithe).

**Leithscéal:** I. Ó Dochartaigh, K. Ó hEadhra, D. Mac Cárthaigh, O. Majekodunmi agus M. Ní Ghabháin, P Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais).

**Fáilte**

Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**Baol coimhlintí leasa**

Níor cláraíodh aon bhaol coimhlint leasa.

**Miontuairiscí 11 Iúil 2025**

Glacadh leis na miontuairiscí ón 11 Iúil 2025.

**Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Ní raibh aon rud ag éirí as na miontuairiscí.

**Plean Corparáideach 2026-2028**

Cuireadh Plean Corparáideach 2026-28 i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Luaigh an Cathaoirleach go bhfuil na trí bliana atá roimh an eagraíocht an-tábhachtach.
- Pléadh ceisteanna a bhain leis na deacrachtaí buiséid.
    - Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go bhfuil buiséid 2026, 2027 agus 2028 bunaithe ar an tuiscint nach mbeidh athrú maoinithe ann, cé nach féidir a bheith cinnte de gur mar sin a bheidh.
- Moladh roinnt mionleasuithe ar an gcáipéis a bhaint le figiúirí agus le hearráidí cló, agus dearbhaíodh go réiteofaí iad.

- Ardaíodh ceist maidir le mionlaigh agus cuireadh in iúl gur Conradh na Gaeilge a bheadh ag obair le Nua-Éireannaigh den chuid is mó leis an maoiniú breise a bhí faighte acu ón Roinn ó dheas, ach go mbeadh Foras na Gaeilge ag tiomsú Straitéis Chomhionannais roimh dheireadh 2025 a chuimseodh an cur chuige a bheadh idir lámha againn le dul i ngleic le pobail mhionlaigh agus an Ghaeilge.
- Rinneadh plé ar na rioscaí agus ar an ról tábhachtach comhairle a bhí ag Foras na Gaeilge, go háirithe ó thuaidh.

Faomhadh Plean Corparáideach 2026-28.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Rushe.**

**Plean Gnó 2026**

Cuireadh Plean Gnó 2026 i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Dúirt an Príomhfheidhmeannach nach bhfuil na táscairí feidhmíochta iomlán cinntithe go fóill.
    - Míníodh go mbeidh cuid díobh le hathrú bunaithe ar chúrsaí maoinithe agus de réir mar a bhogann rudaí chun cinn i réimsí éagsúla.
    - Pléadh an cur chuige maidir le scoláireachtaí ó thuaidh agus iarradh soiléiriú maidir leis an gcur chuige a bhí ag na Ceanneagraíochtaí Gael Linn agus Conradh na Gaeilge agus scoláireachtaí á mbronnadh ar dhaltaí scoile.

Faomhadh Plean Gnó 2026.

**An chéad chruinniú eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 31 Deireadh Fómhair 2025 ag Oireachtas na Samhna i mBéal Feirste.

**Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann

Regina Uí Chollatáin

---

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**17 Nollaig 2025**

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 19/09/25 | 31/10/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | | |
| D Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | ✓ | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | x | ✓ | | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | x | x | | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| W. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | x | | |

**Miontuairiscí ón 221ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 31 Deireadh Fómhair 2025 i Svuít Bhaile Átha Cliath, Urlár 2, Óstán an Europa, Sráid Great Victoria, Béal Feirste, BT2 7AP agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), C. Mac Giolla Mhín, G. Ní Chionnaith, D. Mac Cárthaigh, I. Ó Dochartaigh, E. Mac Cormaic, L. Rushe, D. Ó Brolcháin, R. Nic Fealóin, M. Ni Ghabháin, F. Nic Giolla Chatháin, L. Ní Riada, O. Majekodunmi agus N. Ní Chiaráin.

**Ar líne:** K. Ó hEadhra.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird).

**1. Fáilte**

Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**2. Gnó an Chathaoirligh**

Faomhadh sceideal na gcruinnithe Boird do 2026.

**3. Miontuairiscí 05 Meán Fómhair agus 19 Meán Fómhair 2025**

Rinneadh mionleasú amháin a bhain le tinreamh ar mhiontuairiscí 05 Meán Fómhair 2025 agus glacadh le miontuairiscí 05 Meán Fómhair agus 19 Meán Fómhair 2025.

**4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

- Míníodh go mbeidh na dréachtaí nua de Phlean Corparáideach 2026-28 agus de Phlean Gnó 2026 Fhoras na Gaeilge a d'eascair as an athrú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge le faomhadh roimh an gcéad chruinniú eile den CATT i Mí na Nollag.
    - Aontaíodh go mbeidh cruinniú ar leith den Bhord ann ar an 28 Samhain leis na dréachtaí nua seo a fhaomhadh.

**5. Baol Coimhlintí Leasa**

Cláraíodh na baoil choimhlintí leasa seo a leanas:

- An Cathaoirleach le cáipéisíocht 'Príomheagraíochtaí na Meán Gaeilge 2026 - Síneadh ama ar chonarthaí' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- O. Majekodunmi le cáipéisíocht 'Príomheagraíochtaí na Meán Gaeilge 2026 - Síneadh ama ar chonarthaí' agus le cáipéisíocht a bhaineann le maoiniú Ghaeloideachas faoi mhír Choiste na nDeontas.
- E. Mac Cormaic le cáipéisíocht a bhaineann le maoiniú Chonradh na Gaeilge faoi mhír Choiste na nDeontas.
- L. Ní Riada le cáipéisíocht a bhaineann le maoiniú Ghael Linn faoi mhír Choiste na nDeontas.

Rinneadh plé ar cheist na mbaol coimhlint leasa, agus na tuiscintí éagsúla a bhí ann ina leith, agus iarradh ar an gCoiste Iniúchta iniúchadh a dhéanamh ar an bpolasaí agus ar an treoir reatha agus tuairisciú ar ais chuig an chéad chruinniú Boird eile.

**6. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil taighde IPSOS ar chumas agus dearcadh a bhaineann leis an nGaeilge ó dheas agus ó thuaidh á ullmhú faoi láthair agus go mbeifear in ann an t-eolas a úsáid ar bhealaí éagsúla amach anseo. Iarradh ceartú ar an dáta luaite leis an mhír seo.
- Gur bunaíodh An Coiste Idirghníomhaireachta um an Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.
- Míníodh go bhfuil Foras na Gaeilge ag bunú coiste comhairleach oideachais agus go mbeidh na téarmaí tagartha le faomhadh ag an mBord go luath.

Rinneadh plé gairid ar cheist na Gaeilge sa Chumann Lúthchleas Gael (CLG), agus iarradh go luafaí an cheist faoi ainmneacha na gcontaethe gan a bheith ar na geanasaithe peile sa litir a bhí le scríobh chuig an CLG.

Ardaíodh ceist maidir le gan trialacha tiomána a bheith ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus iarradh go gcuirfí litir chuig an gCoimisnéir Teanga ina leith.

**7. Cur i láthair**

Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig Colm Mag Uiginn, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, isteach sa chruinniú le cur i láthair ar Pholasaí Gaeilge Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste a dhéanamh.

Cuireadh roinnt ceisteanna ar an uasal Mag Uiginn maidir leis an gcur i láthair, agus ghabh an Cathaoirleach buíochas leis.

Rinneadh plé gairid ar an ábhar, agus iarradh go bhfiosrófaí an bhféadfaí cuireadh a chur ar údaráis áitiúla eile cur i láthair a dhéanamh don Bhord.

**8. Tuairiscí ó Choistí an Bhoird**

A) Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 21 Deireadh Fómhair 2025.

- Luadh go bhfuil obair fós ar siúl ar an gcóras comhtháite iarratas.

B) Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 22 Deireadh Fómhair 2025.

- Faomhadh leagan 2 de Threochlár Aeráide Fhoras na Gaeilge.
- Cuireadh in iúl don Bhord go raibh an Coiste ag moladh go nglacfaí leis na téarmaí tagartha a bhí dréachtaithe don choiste comhairleach oideachais, ach ar an ábhar nach raibh cóip den dréacht ar fáil sna cáipéisí, go gcuirfí an moladh siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

C) Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 13 Deireadh Fómhair 2025.

- Faomhadh Clár Rioscaí Dheireadh Fómhair 2025
- Rinneadh plé gairid ar an leagan leasaithe den Scéim Tarmligin agus faomhadh leagan nuashonraithe den Scéim Tarmligin
    - Míníodh nár athraíodh an t-uasmhéid atá incheadaithe tríd an scéim tarmligin le 25 bliain agus go bhfuil molta é a ardú de bharr cúrsaí boilscithe.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág Leas-Chathaoirleach an Bhoird.**

D) Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 23 Deireadh Fómhair 2025.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág Cathaoirleach an Bhoird agus O. Majekodunmi an cruinniú de bharr baol coimhlintí leasa.**

**Ghlac D. Ó Brolcháin ról an Chathaoirligh Boird de bharr nach raibh Cathaoirleach ná Leas-Chathaoirleach an Bhoird i láthair.**

i) Príomheagraíochtaí na Meán Gaeilge 2026 – Síneadh ama ar chonarthaí

Faomhadh ciste maoinithe de €501,905 do na trí phríomheagraíocht meán don tréimhse 01 Eanáir 2026 go dtí 31 Nollaig 2026, agus i gcomhréir leis an mbriseadh síos thíosluaite:

| | |
|---|---|
| Tuairisc.ie | €340,000 |
| Comhar | €80,000 |
| Nós.ie | £68,800 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill Cathaoirleach an Bhoird agus O. Majekodunmi ar an gcruinniú.**

(ii) Tuairisc ar mheasúnú - Ceanneagraíochtaí

- Cuireadh achoimre ar thuairiscí ar mheasúnú na gCeanneagraíochtaí i láthair an Bhoird.
- Rinneadh plé fada ar na costais a bhaineann le maoiniú na gCeanneagraíochtaí agus ar an luach ar airgead a bhaineann leo, ar a bhfeidhmíocht, ar na foinsí eile maoinithe atá acu, ar na próisis mhonatóireachta, torthaí na luachála, agus ar chostais na foirne.
- Pléadh arbh fhiú cuireadh a chur orthu cur i láthair a dhéanamh don Bhord ar a gcuid oibre.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág E. Mac Cormaic de bharr baol coimhlint leasa.**

(iii) Tuairisc ar mheasúnú - Conradh na Gaeilge

- Faomhadh maoiniú €867,457 do Chonradh na Gaeilge ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill E. Mac Cormaic.**

(iv) Tuairisc ar mheasúnú - Glór na nGael

- Faomhadh maoiniú €1,123,615 do Ghlór na nGael ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

(v) Tuairisc ar mheasúnú - Oireachtas na Gaeilge

- Faomhadh maoiniú €647,594 d'Oireachtas na Gaeilge ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág O. Majekodunmi an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

(v) Tuairisc ar mheasúnú - Gaeloideachas

- Faomhadh maoiniú €1,014,198 Ghaeloideachas ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill O. Majekodunmi.**

(vii) Tuairisc ar mheasúnú - Cumann na bhFiann

- Faomhadh maoiniú €775,136 do Chumann na bhFiann ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Ní Riada an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

(viii) Tuairisc ar mheasúnú - Gael Linn

- Faomhadh maoiniú €675,183 do Ghael Linn ó 1 Eanáir 2026 – 31 Nollaig 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill L. Ní Riada.**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na Cathaoirligh agus na baill ar na coistí éagsúla as a gcuid oibre.

**9. Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2025 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil €200,000 breise faighte ón Roinn ó dheas do 2025, rud a chinntigh nach mbeadh ciorruithe ar bith le déanamh roimh dheireadh na bliana.
- Go bhfuil an mheicníocht a bhaineann leis an maoiniú breise a fógraíodh sa cháinaisnéis fós á plé.
- Go bhfuiltear chun tosaigh ó thaobh chaiteachas na bliana de, rud atá sláintiúil ag an am seo den bhliain.
- Go raibh samhradh an-mhaith ag ÁIS maidir le díolacháin.
- Faomhadh an ráiteas caiteachais go 30 Meán Fómhair 2025.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág I. Ó Dochartaigh.**

**10. Ardú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge**

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach nach bhfuil an socrú maoinithe a bheidh ann iomlán soiléir go fóill, ach gur fógraíodh €2 mhilliún breise d'Fhoras na Gaeilge sna meastacháin Cháinaisnéise do 2026. Iarradh moltaí ó chomhaltaí Boird maidir leis na rudaí ar chóir díriú orthu agus buiséad 2026 á chur le chéile. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Fiosraíodh an féidir leis an Roinn tacú le Foras na Gaeilge trí sheirbhísí a chur ar fáil mura dtiocfadh leo maoiniú a chur ar fáil.
- Fiosraíodh an féidir fanacht go dtí go dtagann an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta le cinneadh a dhéanamh maidir le maoiniú breise do na Ceanneagraíochtaí, agus ar chóir maoiniú breise ar bith a cheangal le réimsí seirbhísí seachas méadú a dhéanamh ar bhonn céatadán, nó arbh fhiú ceist a chur ar na Ceanneagraíochtaí faoina gcuid pleananna agus maoiniú ar bith breise a bhunú air sin.
- Ardaíodh ceist faoi sheirbhísí sa Ghaeltacht agus faoi imircigh sa Ghaeltacht.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhág L. Ní Riada.**

Iarradh ar dhaoine a gcuid tosaíochtaí do 2026 a lua. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.
- Scoláireachtaí 3ú Leibhéal sa ríomheolaíocht.
- Creidim Ionat.
- Tionscnamh feasachta Gairmeacha le Gaeilge.
- Scéim na nIonad.
- Scéim na dTionscadal.
- Ceist na ndíolúintí Gaeilge.

**11. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**12. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**13. An chéad chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh cruinniú aon-mhíre ar líne ar siúl ar an 28 Samhain 2025 le Plean Corparáideach 2026–2028 agus Plean Gnó 2026 a fhaomhadh. Luadh freisin go mbeidh an chéad chruinniú eile ina dhiaidh sin ar siúl ar an láthair ar an 12 Nollaig 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

Regina Uí Chollatáin

______________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**09 Feabhra 2026**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 19/09/25 | 31/10/25 | 28/11/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | | |
| D Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| O. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | | |

**Miontuairiscí ón 222ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 28 Samhain 2025 ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, D. Ó Brolcháin, M. Ni Ghabháin, O. Majekodunmi, M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), G. Ní Chionnaith, E. Mac Cormaic, R. Nic Fealóin, F. Nic Giolla Chatháin, N. Ní Chiaráin agus L. Ní Riada.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird).

**Leithscéalta** D. Mac Cárthaigh agus L. Rushe

**Baol Coimhlintí Leasa**

Níor cláraíodh aon bhaol coimhlintí leasa.

**Téarmaí tagartha don Choiste Comhairleach Oideachais**

Pléadh na téarmaí tagartha don Choiste Comhairleach Oideachais. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Glacadh le moladh líne a chur isteach go bhfuil cead ag an gCoiste daoine a fháil isteach mar aíonna ag cruinnithe.
- Aontaíodh go ndéanfar na téarmaí tagartha a cheartú agus go ndéanfar iad a fhaomhadh ag an gcéad chruinniú Boird eile.

**Plean Corparáideach 2026-28**

Pleádh Plean Corparáideach 2026-28. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go ndearnadh athruithe beaga bunaithe ar aiseolas ó Ranna.
- Go bhfuil sé i gceist go mbeidh leagan Gaeilge den bhuiséad ann ar deireadh.
- Go bhfuil an ráta malairte don bhliain le cur isteach mar mhíniú.
- Faomhadh Plean Corparáideach 2026-28.

**Plean Gnó 2026 Fhoras na Gaeilge**

Pleádh Plean Gnó 2026 Fhoras na Gaeilge. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go seasann an plean seo mar an gcéad bhliain de phlean 3 bliana.
- Go bhfuil sé bunaithe ar ardú sa bhuiséad.
- Faomhadh Plean Gnó 2026 Fhoras na Gaeilge.

**Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.



**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**09 Feabhra 2026**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 19/09/25 | 31/10/25 | 28/11/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | x | |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| O. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | |

**Miontuairiscí ón 223ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 12 Nollaig 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 H275 agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, L. Rushe, D. Ó Brolcháin, M. Ni Ghabháin agus O. Majekodunmi.

**Ar líne:** M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), G. Ní Chionnaith, E. Mac Cormaic, R. Nic Fealóin, F. Nic Giolla Chatháin agus L. Ní Riada.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird).

**Leithscéalta** D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta).

## 1. Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

## 2. Gnó an Chathaoirligh

- Chuir an Cathaoirleach fáilte faoi leith roimh na comhaltaí Boird a athcheapadh ag an gcruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar an 03 Nollaig 2025. Beidh siad ag cur tús lena gcéad tréimhse eile ar an mBord ar an 16 Nollaig 2025.
- Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh cheapachán Máirtín Mhic Ailín, comhalta nua Boird a ceapadh ag an gcruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar an 03 Nollaig 2025 agus a bheidh ag cur tús lena thréimhse ar an mBord ar an 16 Nollaig 2025.

## 3. Leasú ar chlár an chruinnithe

Ar iarratas an Chathaoirligh, rinneadh an clár a leasú le tuairisc ó Choiste Cholmcille a chur faoi mhír na gCoistí Boird.

## 4. Miontuairiscí 31 Deireadh Fómhair 2025

Rinneadh mionleasú amháin a bhain le litriú agus faomhadh na miontuairiscí ón 31 Deireadh Fómhair 2025.

## 5. Nithe ag éirí as na Miontuairiscí

Ardaíodh ceist faoi na miontuairiscí faofa Boird nár cuireadh ar an suíomh idirlín. Aontaíodh go gcinnteofar go bhfuil na miontuairiscí ó chruinnithe Boird atá ar fáil ar shuíomh Fhoras na Gaeilge suas chun dáta. Tá Comhaltaí lena gcur ar an eolas nuair a bheidh seo curtha i gcrích.

## 6. Baol Coimhlintí Leasa

Cláraíodh na baoil coimhlintí leasa seo a leanas:

- L. Ní Riada le cáipéisí faoi Ghaelbhratach (Gael Linn) faoi mhír Choiste na nDeontas.
- O. Majekodunmi le cáipéisí faoi Chlár na Leabhar Gaeilge (Futa Fata) faoi mhír Choiste na nDeontas.

## 7. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an chruinnithe. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh an-fhreastal ar mhórsheoladh an Ghúim agus an-trácht ar na meáin faoi.
- Gur éirigh go han-mhaith le Gradaim Leabhar An Post.
- Go raibh an-aird dírithe ar Fhoras na Gaeilge agus an-chaint sna meáin faoi sheoladh an Fhoclóra Nua Gaeilge.
    - Mhol an Bord obair Rannóg na Foclóireachta as na hagallaimh a rinne an Bainisteoir Tionscadail agus an tEagarthóir Sinsearach leis na meáin.
    - Thug an Cathaoirleach ardmholadh don Stiúrthóir Seirbhísí Foclóireachta, Foilsitheoireachta agus Téarmaíochta, don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus don Chlárbhainisteoir Cumarsáide as a gcuid oibre ag an ócáid seolta.
    - Fiosraíodh an mbeadh cóip chrua den fhoclóir á cur ar fáil.
- Iarradh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Aire Calleary ag iarraidh air a chinntiú go gcuirfí na hacmhainní cuí ar fáil d'Fhoras na Gaeilge le leagan crua den fhoclóir Gaeilge a chur ar fáil in am trátha.
- **Iomáin Cholmcille - leasú ar an moladh maoinithe**
    - Iarradh ar an mBord leasú a cheadú ar na dátaí a bhain leis an bhfaomhadh a rinne an Bord ar an 5 Meán Fómhair 2025. Iarradh na dátaí a leasú ó 2025 & 2026 go 2026 & 2027. Glacadh leis an moladh.
    - Faomhadh an deontas céanna - £13,000 (£6,500 do 2026 agus £6,500 do 2027) do Choiste Iomáin Cholmcille le tacú le pleanáil agus reáchtáil Iomáin Cholmcille.
- **Coiste Téarmaíochta - tuairisc**
    - Nótáladh tuairisc ar an gCoiste Téarmaíochta ón gConraitheoir Seachtrach Gaois/ DCU don tréimhse 01/10/24 go 30/06/25.
- **Coiste Téarmaíochta - ballraíocht**
    - Faomhadh ballraíocht an Choiste Téarmaíochta.
- **Síneadh dhá bhliain**
    - Nótáladh meamram eolais maidir le síneadh dhá bhliain atá curtha leis an dá chonradh atá idir Foras na Gaeilge agus IDM, an comhlacht a chuireann bogearraí, seirbhísí agus tacaíocht theicniúil ar fáil do na tionscadail foclóireachta.

## 8. Tuairiscí ó Choistí an Bhoird

- **An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den choiste ar an 2 Nollaig. Luadh na rudaí seo a leanas:

– Rinneadh plé ar chur chuige maidir le moltaí faoin maoiniú breise do 2026 ar aghaidh a chur faoi bhráid an Bhoird.

- **An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den choiste ar an 3 Nollaig. Luadh na rudaí seo a leanas.

– Go bhfuil an chéad dréacht den tuairisc faighte ag an bhfeidhmeannas anois don luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus go mbeidh sí á plé ag an Choiste sa chéad chruinniú eile.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág E. Mac Cormaic.**

- **Páipéar faoi mhaoiniú Chumann na bhFiann**

  Chuir an Príomhfheidhmeannach páipéar ar mhaoiniú Chumann na bhFiann i láthair an Bhoird. Bhí plé fada ann ar an gceist, agus léirigh Comhaltaí Boird a bhfrustrachas maidir leis an easpa dul chun cinn a bhain le feidhmeanna na Ceanneagraíochta ó thuaidh. Cuireadh fáilte roimh an iarracht teacht ar réiteach ar cheist na bhfeidhmeanna ó thuaidh, agus ardaíodh ceisteanna maidir le maoiniú agus ról uile-oileáin na gCeanneagraíochtaí i gcoitinne, agus ardaíodh ceist maidir leis na féidearthachtaí dul i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile atá gníomhach le daoine óga lena chinntiú go mbeidh freastal cuí ar an réimse tábhachtach seo.

  Iarradh go bhfiosrófaí bealaí le heolas cuí a chur faoi bhráid an Bhoird ar bhonn tráthrialta ar éifeachtacht na gCeanneagraíochtaí éagsúla maidir le cur i gcrích a gcuid feidhmeanna.

  I ndiaidh an phlé, faomhadh na rudaí seo a leanas:

  - Go gceadófaí don fheidhmeannas tús a chur le plé leis an gCeanneagraíocht maidir lena gcomhaontú le Foras na Gaeilge, le leasú a dhéanamh ar a bhfeidhmeanna ó thuaidh, bunaithe ar na prionsabail a bhí leagtha amach sa pháipéar.
  - Go bhforbródh Cumann na bhFiann clár oibre leasaithe dá bhfeidhmeanna ó dheas, agus go mbeidh sé curtha faoi bhráid an Bhoird i Ráithe 1 2026, ina n-áireofar:
    - Go ndíreoidh Cumann na bhFiann ar chur chuige na pleanála teanga ó dheas agus ar thosaíochtaí na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta i gcur chun cinn na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, i gcomhthéacs *Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do*

*Dhaoine Óga* sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge ó dheas;

- Go mbeidh an buiséad iomlán de €775,136 (an soláthar a ceadaíodh dóibh ag Cruinniú Boird 31 Deireadh Fómhair 2025) go fóill ar fáil do Chumann na bhFiann le linn 2026 leis na feidhmeanna aontaithe a chur i gcrích; agus
- Go laghdófaí líon na bpost ceadaithe ó 10 go 8 (2 phost atá ceadaithe ó thuaidh).

Beidh maoiniú as an allúntas méadaithe sa bhuiséad bonnlíne do 2026 ar aghaidh imfhálaithe le haghaidh *Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga* ó thuaidh, agus tiocfaidh moladh ina leith sin chuig an Bhord i Ráithe 2 2026.

- **Téarmaí tagartha don Choiste Comhairleach Oideachais**
    - Faomhadh na téarmaí tagartha don Choiste Comhairleach Oideachais.

- **An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den choiste ar an 24 Samhain.

- Faomhadh Clár Rioscaí Samhain 2025

- **Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den choiste ar an 27 Samhain.

- **Scéim na nOifigeach Gaeilge**
  Faomhadh síneadh ama do na 3 dheontaí reatha faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 de luach (£33,000) €41,668 mar seo a leanas:

| **Deontaí** | **Maoiniú** |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Dhoire & Ceantair an tSratha Bháin | £11,000 |
| Comhairle Ceantar Fhear Manach & na hÓmaí | £11,000 |
| Comhairle Cathrach Bhéal Feirste | £11,000 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Ní Riada.**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág O. Majekodunmi an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

- **Coiscéim -**
  Rinneadh plé fada ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcomhlacht maidir le cúrsaí rialachais, agus ar leor é sin le go gceadófaí maoiniú dóibh mar atá leagtha amach sa mholadh. Ardaíodh roinnt ceisteanna a bhain le rialachas an chomhlachta, agus na socruithe úra úinéireachta á réiteach don chomhlacht nuabhunaithe. Ardaíodh ceisteanna faoi fhiacha agus shócmhainní an tseanchomhlachta. Dearbhaíodh go raibh fiacha an tseanchomhlachta glanta, agus go raibh sócmhainní an tseanchomhlachta á n-aistriú chuig an gcomhlacht úr de réir mar is cuí. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh sé muiníneach go raibh na mórcheisteanna rialachais réitithe, agus bunaithe air sin, gur chóir an maoiniú mar atá leagtha amach a cheadú.

**Moladh** – I ndiaidh plé ar an gceist, socraíodh gur chóir vóta a chaitheamh ar an gceist. D'iarr an Cathaoirleach vóta foirmiúil ar an moladh agus glacadh leis an moladh mar thoradh ar an vóta sin. Dá réir sin, faomhadh maoiniú suas go €50,000 a chur ar fáil do Choiscéim do 2025.

Aontaíodh an cur chuige seo a leanas maidir le maoiniú 2026:

- Go mbeadh maoiniú eisceachtúil do 2026 (tréimhse iomlán Scéim na Foilsitheoireachta 2024-2026) ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, ar dhul chun cinn le linn 2025, agus ar iarratas a chuimseodh plean straitéiseach, táscairí feidhmíochta agus torthaí inmhianaithe.
- Go gcuirfear dearbhú i scríbhinn ó chuntasóir cáilithe ar fáil a dhearbhódh stádas an tseanchomhlachta agus a chuirfeadh dearbhú ar fáil maidir le fiacha ar bith agus aistriú sócmhainní.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill O. Majekodunmi.**

- **Scéim na Foilsitheoireachta – Moladh do 2026**

Faomhadh na méideanna seo (**Maoiniú 2026 *)** faoi Scéim na Foilsitheoireachta:

| | **Ainm an Fhoilsitheora** | **Maoiniú 2024** | **Maoiniú 2025** | **Maoiniú 2026 *** | **Móriomlán 2024-26** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | ***Ardchéim*** | | |
| 1 | Cló Iar-Chonnacht | €178,000 | €178,000 | €178,000 | €534,000 |
| 2 | Futa Fata/Barzaz | €177,537 | €177,537 | €177,537 | €532,611 |
| | | | | | |
| 3 | Leabhar Breac | €77,000 | €77,000 | €77,000 | €231,000 |
| 4 | COMHAR | €48,840 | €48,840 | €48,840 | €146,520 |
| | | | ***Meánchéim*** | | |
| | | | | | |
| 5 | An tSnáthaid Mhór | €80,000 | €80,000 | €80,000 | €240,000 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Éabhlóid | €80,000 | €80,000 | €80,000 | €240,000 |
| 7 | Foilseacháin Ábhar Spioradálta | €72,000 | €72,000 | €72,000 | €216,000 |
| 8 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | €64,000 | €64,000 | €64,000 | €192,000 |
| 9 | My Irish Books | €62,820 | €62,820 | €62,820 | €188,460 |
| 10 | Arlen House | €36,000 | €36,000 | €36,000 | €108,000 |
| 11 | An Sagart | €28,803 | €28,803 | €28,803 | €86,409 |
| ***Bunchéim*** | | | | | |
| | | | | | |
| 12 | Óga Yoga | €9,000 | €9,000 | €9,000 | €27,000 |
| 13 | The Weatherbies | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €24,000 |
| | **Móriomlán:** | | | | **€2,766,000** |

* Beidh an maoiniú breise ag brath ar ardú ar bhuiséad bonnlíne Chlár na Leabhar Gaeilge go €2,000,000 mar atá pléite leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

- **Gaelbhratach – Moladh**

Faomhadh soláthar deontais nach mó ná **€120,000** a chur ar fáil do Ghael Linn don tréimhse 01/01/26 - 31/12/26 don scéim Gaelbhratach:

| | **Molta €**<br>**(01 Eanáir 2026 go 31 Nollaig 2026)** |
|---|---|
| **Tuarastail** | |
| Oifigeach - Bunscoileanna | €47,099 |
| Oifigeach - Iar-bhunscoileanna | €58,096 |
| **Fo-Iomlán** | **€105,195** |
| **Costais Reatha** | |
| Costais Seirbhísí | €13,300 |
| Suíomh idirlíon | €505 |
| Gnáthchostais Reatha | €1,000 |
| **Fo-iomlán** | **€14,805** |
| | |
| **Iomlán** | **€120,000** |

- **An tÁisaonad – Moladh**

Faomhadh deontas nach mó ná £272,486 (€316,844) a chur ar fáil don Áisaonad do Choláiste Ollscoile Naomh Muire, don tréimhse 01 Eanáir 2026 go dtí 31 Nollaig 2026.

- **Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú den choiste ar an 8 Nollaig. Luadh na rudaí seo a leanas.

- Go mbeidh dhá chruinniú sa bhliain anois ann de bharr leasú a rinneadh ar na téarmaí tagartha.
- Go mbeidh dréacht-stráitéis le cur faoi bhráid an Bhoird i Ráithe 1 2026.

Mhol Cathaoirleach an Bhoird obair na gcoistí ar fad.

**9. Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2025**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2025 i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an caiteachas go fóill ar sprioc.
- Go raibh bliain an-mhaith díolacháin ag Áis.
- Gur tháinig scéala ón RFTP&G go mbeidh €170,000 sa bhreis á chur ar fáil acu do bhuiséad 2025 ar bhonn aon uaire, le tacú le costais bhreise pá/pinsin.
- Go bhfuil ceisteanna le réiteach go fóill faoin gcur chuige atá ag an dá roinn urraíochta maidir le maoiniú costais phinsin Fhoras na Gaeilge, lena chinntiú nach mbeidh an buiséad bonnlíne á úsáid le costais stairiúla phinsin Fhoras na Gaeilge agus Bhord na Gaeilge a íoc ó bhliain go bliain.

**Ardú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cáipéis ar fhéidearthachtaí maidir le caitheamh an bhuiséid mhéadaithe le linn 2026 i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas.

- Go mbeadh 15% de mhéadú á chur ar fáil do 5 Cheanneagraíocht.
- Go dtiocfaidh dréacht de bhuiséad bunaithe ar an cháipéis agus ar an bPlean Corparáideach agus an Plean Gnó faoi bhráid an Bhoird in Eanáir 2026.
- Go bhfuil an méadú ar an líon reatha foirne atá ceadaithe ag an CATT le cur san áireamh.
- Go mbeidh béim ar chúrsaí pobal agus scéimeanna.
- Go bhfuil cothromaíocht ann idir na freagrachtaí atá ann cheana féin agus na rudaí úra atá le forbairt.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág O. Majekodunmi.**

- Aontaíodh go raibh an chothromaíocht cheart aimsithe sna tosaíochtaí moltaí agus gur chóir cead a thabhairt don fheidhmeannas an buiséad a thiomsú bunaithe ar na tosaíochtaí a cuireadh i láthair an Bhoird, agus go gcuirfí dréacht de bhuiséad 2026 faoi bhráid an Bhoird in Eanáir 2026.

- Dúirt an Príomhfheidhmeannach go dtosódh an fhoireann ar na pleananna buiséid a dhéanamh agus go dtiocfar ar ais le dréacht den bhuiséad chuig an gcruinniú Boird ar an 30 Eanáir 2026 bunaithe air sin.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág M. Ní Chonghaile.**

**10. Comhfhreagras**

Luaigh an Cathaoirleach gur tháinig litir i rphost ó Ard-Stiúrthóir Chonradh na Gaeilge, ó CEARTA, ag déanamh comhghairdis as an maoiniú breise a fuair Foras na Gaeilge agus go mbeidh deis ag an gCoiste Osradhairc an litir a phlé agus tuairisciú don Bhord ina leith.

**11. Aon ghnó eile**

Tugadh cead tarmligin don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an gCathaoirleach, cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas, a mbeadh faomhadh an Bhoird de dhíth ina leith de ghnáth, sa tréimhse idir deireadh an chruinnithe seo agus tús an chéad chruinnithe eile. Iarrfar ar an mBord faomhadh siarghabhála a dhéanamh ar na cinntí sin ag cruinniú Boird mhí Eanáir.

Faomhadh an dréacht den Chomhaontú Seirbhíse leis na Ranna ar an gcoinníoll go tiocfaidh an leagan deiridh, nuair a bheidh sin ar fáil ó na Ranna, faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú Boird eile.

**12. An Chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 30 Eanáir 2026 i mBaile Átha Cliath.

Regina Uí Chollatáin

______________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**10 Márta 2026**

**<u>Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2025</u>**

| | 31/01/25 | 24/02/25 | 04/04/25 | 23/05/25 | 11/07/25 | 05/09/25 | 19/09/25 | 31/10/25 | 28/11/25 | 12/12/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Liadh Ni Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| M. Ní Ghabháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| K. Ó hEadhra | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| R. Nic Fealóin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| E. Mac Cormaic | - | - | - | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| L. Rushe | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| D. Mac Cárthaigh | - | - | - | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | x | x |
| N. Ní Chiaráin | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x |
| O. Majekodunmi | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |